

2018

Tuarascáil Bliantúil



“

freastal
ar ár bpobail,
tacú lenár
ngnólachtaí
agus fáiltiú roimh
ár gcuariteoirí

”



Réamhrá

Níl aon dabht ach go gcuimhneofar go deo ar 2018 mar bhliain iontach nuair a léiríodh Dún na nGall don domhan mór agus an ghrian ag scaladh anuas uirthi ag Galfchúrsa Bhaile Lífín le linn Chraobhchomórta Oscailte Gailf na hÉireann arna urrú ag Dubai Duty Free.

D'fhreastail breis agus 95,000 cuairteoir ar an imeacht iontach seo a mhair 5 lá, an líon ba mhó daoine a d'fhreastail riamh ar an imeacht seo. Anuas air sin, tugadh léiriú ar an tírdhreach álainn agus ar na radharcanna mara timpeall ar Bhaile Lífín, Inis Eoghain agus Dún na nGall go ginearálta do thart ar leathbhiliúin duine ar fud an domhain. Reáchtáil an Chomhairle Fáiltiú Cathartha i dTeach an Chontae i mí Mheán Fómhair chun aitheantas a thabhairt ar an obair ar fad a rinne an lucht bainistíochta, na baill foirne agus baill Galfchúrsa Bhaile Lífín le linn an imeachta iontach seo.

In 2018, leanamar orainn de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt earnáil na turasoireachta le dhá phríomhthionscadal turasoireachta i Slabh Liag agus Cionn Mhálanna a chur i gcrích. Is gné ríthábhachtach iad na tionscadail seo maidir leis an táirge turasoireachta i nDún na nGall a fhorbairt agus acmhainn Shlí an Atlantaigh Fhiáin a uasmhéadú agus turasoírí a mhealladh chun an chontae.

I mí Feabhra, ainmníodh Leitir Ceanainn sa Chreat Náisiúnta Pleanála mar ionad réigiúnach ó thaobh foráis de agus tugadh aitheantas do Réigiún Cathrach Leitir Ceanainn, Doire agus an tSratha Báin. Léirítear leis sin an fonn láidir ata ann ag leibhéal an Rialtais uailmhian agus acmhainn an réigiúin a bhaint amach agus an cur chuige combheartaithe agus comhoibrítheach atá ar siúl againn i leith Chomhairle Ceantar Chathair Dhoire agus an tSratha Báin trí Ghrúpa Forbartha Réigiún an Iarthuaiscirt agus an Chomhpháirtíocht um Fhorbairt Straitéiseach an Iarthuaiscirt araon.

Tháinig Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 i bhfeidhm i mí na Bealtaine i ndiaidh dhá bhliain de chomhairliúchán agus caidreamh poiblí forleathan agus is príomhchreat beartais é a thabharfaidh treoir d'fhorbairt amach anseo. Cuireadh tús freisin le Plean Ceantair Áitiúil Leitir Ceanainn le próiseas réamhchomhairliúcháin inar ghlac 700 duine páirt d'fhonn comhthéacs straitéiseach an phlean a bhunú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ó thaobh tithíocht shóisialta a dhearadh agus a sholáthar ar fud Dhún na nGall agus cuireadh scéimeanna tithíochta nua i gcrích i Mainéar Uí Chuinneagáin, i mBaile Nua Uí Chuinneagáin agus i gCarn Domhnach agus bhí oibreacha ar siúl i scéimeanna tithíochta i Srath an Urláir agus sa Chraobh (Smith) i Leitir Ceanainn. Lean an Chomhairle de Chlár Tithíochta Sóisialta uailmhianach a sholáthar, trí thithe a thógáil agus a fháil d'fhonn tithíocht shóisialta ardchaighdeán a sholáthar chun freastal ar riachtanas tithíochta an chontae.

Meastar go gcuirfidh Clár Tógála Tithíochta na Comhairle 298 aonad tithíochta sóisialta ar fáil sna 2/3 bliana atá romhainn amach, rud a chosnóidh nach mór €53m agus meastar go gcuirfidh an Clár Sealbhaithe Tithe Lándéanta idir 300 agus 400 aonad tithíochta sóisialta i mbailte agus i sráidbhailte ar fud Dhún na nGall sna blianta beaga atá romhainn. Chomh maith leis sin, caitheadh €25m ar 208 réadmhaoin a cheannach faoin gClár um Shealbhú Tithe Aonair ó bhí 2015 ann agus tá sé beartaithe go leanfar leis an gcur chuige sin.

Glacadh le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún na nGall 2018-2022 i mí Eanáir agus reáchtáladh an chéad lá náisiúnta cruthaitheachta le haghaidh leanaí agus daoine óga de chuid Chruinniú na nÓg i mí an Mheithimh le 16 imeacht éagsúil ar siúl i nDún na nGall.

Leanadh leis an infheistíocht inár mbonneagar le Bonneagar Iompair Éireann (TII) ag infheistiú €47m i nDún na nGall in 2018. Cuireadh tús leis an obair ar an Scéim Athlínithe Bóthair ar an N56 idir an Cúl Buí agus Cill Mhic Réanáin agus ar an N56 idir Tamhnach an tSalainn agus Inbhear agus leanadh leis an obair ar an N56 idir an Clochán Liath agus na Gleannta leis an mbóthar idir Cill Chainnigh agus Leitir Oilí a thógáil.

Leanadh ar aghaidh leis an infheistíocht i saoráidí cóireála uisce agus fuíolluisce le Córais Cóireála Fuíolluisce i mBun Dobhráin, sna Cealla Beaga, i nGleann Cholm Cille agus i gComhghaigh curtha i gcrích agus Córais Cóireála Fuíolluisce coimisiúnaithe in Abhainn tSeiscinne agus i nGort an Choirce agus cuireadh isteach thart ar 40km de phríomhphíobán uisce freisin.

D'imigh Cllr John Ryan ar scor ó Chomhairle Contae Dhún na nGall in 2018 agus ba mhaith linn an deis seo a thapú aitheantas a thabhairt ar an méid a chur sé le hobair na Comhairle le linn a bhlianta seirbhíse agus go speisialta ina ról i gCeantar Bardasach Inis Eoghain. Guímid gach rath ar John amach anseo.

Ní féidir linne amháin pobail inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus rathúil a fhorbairt i nDún na nGall agus i mbliana, amhail gach aon bhliain eile, táimid fíorbhuíoch do na daoine, na heagraíochtaí, na gníomhaireachtaí agus na grúpaí uile a oibríonn linn chun na torthaí iontacha seo a bhaint amach ar son mhuintir Dhún na nGall in Éirinn agus thar lear. Tá an comhoibriú ag croí lár gach a dhéanaimid agus fanfaidh sé mar sin i gcónaí. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcomhpháirtithe uile as a gcomhoibriú, tacaíocht agus cabhair leanúnach.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le comhaltáí tofa, lucht bainistíochta agus baill foirne Chomhairle Contae Dhún na nGall as a dtiomantas, as a bhíonn oibre agus as a ndíograis leanúnach atá ríthábhachtach chun an Chomhairle a choinneáil ina heagraíocht bheomhar, fhorásach agus fhreagrach i gcónaí.



Cllr Seamus O'Domhnaill
Cathaoirleach



Seamus Neely
Príomhfheidhmeannach

Clár Ábhair

Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall	5
Ceantair Bhardasacha Chontae Dhún na nGall	7
Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall	8
Cruinnithe Comhairle 2018	8
Gradaim Chathrach 2018	10
Seirbhísí Forbartha Pobail & Pleanála	12
Cúrsaí Corparáideacha, Tithíochta & Cultúir	20
Forbairt Eacnamaíoch, Córais Faisnéise agus Seirbhísí Éigeandála	37
Airgeadas	48
Bóithre & Iompar	54
Uisce & Comhshaol	60

Aguisíní

Ballraíocht Comhairle Coistí agus Comhlachtaí Eile	68
Freastal na gComhaltaí ar Chomhdhálacha 2018	72
Taisteal Thar Lear	74
Speansais na gComhaltaí 2018	74
Táscairí Feidhmíochta 2017	75



Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall

Ceantar Bardasach Dhún na nGall



Cllr John Campbell

Neamhspleách



Cllr Tom Conaghan

Neamhspleách



Cllr Noel Andrew Jordan

Sinn Fein



Cllr Niamh Kennedy

Neamhspleách



Cllr Michael Naughton

Fianna Fáil



Cllr Barry O'Neill

Fine Gael

Ceantar Bardasach na nGleanntach



Cllr Enda Bonner

Fianna Fáil



Cllr Maire Therese Gallagher

Sinn Fein



Cllr Michael Cholm Mac
Giolla Easbuig

Neamhspleách



Cllr Seamus O'Domhnaill

Fianna Fáil



Cllr John Seamais
O'Fearraigh

Sinn Fein



Cllr Terence Slowey

Fine Gael

Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall

Ceantar Bardasach Inis Eoghain



Clr Paul Canning
Fianna Fail



Clr Nicholas Crossan
Neamhspleách



Clr Albert Doherty
Sinn Fein



Clr Rena Donaghey
Fianna Fail



Clr Martin Farren
Páirtí an Lucht Oibre



Clr Martin McDermott
Fianna Fail



Clr Bernard McGuinness
Fine Gael



Clr Jack Murray
Sinn Fein



Clr John Ryan
Fine Gael
D'imigh ar scor ar an 28 Bealtaine 2018



Clr Mickey Doherty
Fine Gael
Ón 23 Iúil 2018

Ceantar Bardasach Leitir Ceanainn



Clr Liam Blaney
Fianna Fail



Clr Ciaran Brogan
Fianna Fail



Clr Jimmy Kavanagh
Fine Gael



Clr Michael McBride
Neamhspleách



Clr James Pat McDaid
Fianna Fail



Clr Ian McGarvey
Neamhspleách



Clr Gerry McMonagle
Sinn Fein



Clr John O'Donnell
Neamhspleách



Clr Dessie Shiels
Neamhspleách



Clr Adrian Glackin
Sinn Féin

Ceantar Bardasach Shraith an Urláir



Clr Gerry Crawford
Fianna Fail



Clr Gary Doherty
Sinn Fein



Clr Liam Doherty
Sinn Fein



Clr Martin Harley
Fine Gael



Clr Frank McBrearty
Neamhspleách



Clr Patrick McGowan
Fianna Fail

Ceantair Bhardasacha Chontae Dhún na nGall



Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall

Tá sé stiúrthóireacht ar fad i gComhairle Contae Dhún na nGall. Tá Stiúrthóir Seirbhísí i gceannas ar gach stiúrthóireacht agus cuireann gach stiúrthóireacht réimse feidhmeanna agus seirbhísí ar fáil.

Príomhfheidhmeannach

Stiúrthóir Seirbhíse Pobal & Pleanáil	Stiúrthóir Seirbhíse Forbairt Eacnamaíoch, Córais Faisnéise & Seirbhísí Éigeandála	Stiúrthóir Seirbhíse Seirbhísí Tithíochta, Corparáideacha & Cultúir	Stiúrthóir Seirbhíse Bóithre & Iompar	Stiúrthóir Seirbhíse Uisce & Comhshaol	Stiúrthóir Seirbhíse Airgeadas
--	---	--	---	--	-----------------------------------

Cruinnithe Comhairle 2018

Reáchtáladh 13 chruinniú den Chomhairle in 2018 agus tháinig na Ceantair Bhardasacha éagsúla le chéile mar seo a leanas:

- Dún na nGall - 12 uair
- Na Gleannta - 11 uair
- Inis Eoghain - 11 uair
- Leitir Ceanainn - 10 uair
- Srath an Urláir - 8 uair
- Plean Tubaiste Mhúsaem Chontae Dhún na nGall
- Clár 'Peace IV'

Thionóil an Grúpa Polasaí Chorporáidigh 6 chruinniú.

Coistí um Beartas Straitéiseach (CBS)

Tá cúig Choiste um Beartas Straitéiseach ann (CBSanna).

CBS Pobail, Sóisialta & Cultúir

Cllr. Marie Therese Gallagher

Cathaoirleach

Tháinig an CBS Pobail, Sóisialta agus Cultúir 5 uaire agus rinneadh athbhreithniú ar na beartais agus na saincheisteanna seo a leanas:

- Maoiniú AE
- Éire Chruthaitheach
- Ciste Forbartha na gComhaltaí - Athbhreithniú ar Bheartas
- Maoiniú Forbartha Pobail
- Clár Feabhaithe Pobail 2018
- Scéim um Bonneagar Áineasa Faoin Aer 2018
- Beartais Mhúsaem Chontae Dhún na nGall maidir le Bailiúchán, lasacht agus Diúscartha

CBS um Beartas Geilleagair, Fiontraíochta & Pleanála

Cllr. Paul Canning

Cathaoirleach

Tháinig an CBS um Beartas Geilleagair, Fiontraíochta agus Pleanála le chéile 5 uaire agus pléadh na hábhair seo a leanas:

- Tuairisc chun Dáta maidir le Dréachtphlean Forbartha an Chontae
- Athrú chun Dáta ar an bPlean Ceantair Áitiúil
- Deontais Chaomhnaithe
- Tuairisc chun Dáta maidir le Stiúrthóireacht Forbartha Eacnamaíche
- Tuairisc chun Dáta ó bhéal maidir leis an Dréacht-Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta.
- Tuairisc chun Dáta maidir le Planree v Comhairle Contae Dhún na nGall
- Tuairisc chun Dáta maidir le hiarratais ar an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach agus ar an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe
- Breisithe Beartaithe ar Thairfead na Struchtúr Cosanta
- Tuairisc chun Dáta maidir leis an gCreat Naisiúnta Pleanála
- Tuairisc chun Dáta maidir leis an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta & Eacnamaíochta

- Clár Oibre 2018
- Plean Ceantair Áitiúil Leitir Ceanainn
- Cur i láthair ó ICBAN
- Cur i láthair maidir le Forfheidhmiú Pleanála
- Tuairisc chun Dáta maidir le Plean Leitir Ceanainn

An Comhshaoil & Seirbhísí Éigeandála

Cllr. John O'Donnell

Cathaoirleach

Tháinig CBS maidir leis an gComhshaoil agus na Seirbhísí Éigeandála le chéile 4 uaire agus pléadh na beartais seo a leanas:

- Dréacht-Bheartas maidir le Leithris Phoiblí a Sholáthar i nDún na nGall
- Dréacht-Thogra Beartais maidir le Tránna na mBratach Gorm i gContae Dhún na nGall a Chur Chun Cinn
- Straitéis Oiriúnaithe um Athrú Aeráide
- Bronnadh Ghradaim Dhún na nGall Glan agus Glas 2017
- Seoladh Ghradaim Dhún na nGall Glan agus Glas 2018, Ciste Tosaithe Bhaile Slachtmhar Dhún na nGall 2018, Ciste na dTionscnamh Feabhsaithe um Baile Slachtmhar Dhún na nGall.
- Tionscadal Catchment Care Interreg
- Gradam Aitheantais Fadtéarmach Cosanta Sibhialta
- Cruinniú Speisialta chun dil i ngleic leis an gclár teilifíse 'RTE Investigates'
- Cleachtadh Neptune - Cleachtadh Idirghníomhaireachta Réigiúnacha maidir le Mór-Éigeandáil
- Treoirhionscadal na Speiceas Ionrach 2018
- Iontaobhas Aibhneacha Inis Eoghain agus Plean Chumann Slatiascairí Chloich Chionnaola
- Straitéis Fuinnimh Réigiúnach

CBS um Sheirbhísí Tithíochta & Corparáideacha

Cllr. Frank McBrearty

Cathaoirleach

Tháinig CBS na Seirbhísí Tithíochta & Corparáideacha le chéile 2 uair agus rinneadh athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta maidir leis na hábhair seo a leanas:

- Deontais Tithíochta
- An Clár um Chaipiteal Tithíochta
- An Clár Athlonnaithe Dídeanaithe
- Scéim Iasachta Baile de chuid Éire a Atógáil
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Seirbhísí TFC Feabhsaithe le haghaidh Comhaltai Tofa
- Scéim Vótála

Bóithre & Iompar

Cllr John Ryan

Cathaoirleach

Tháinig an CBS um Bóithre agus Iompar le chéile 4 uaire le linn 2018 agus tugadh faisnéis dóibh agus rinneadh breithniú ar go leor ábhar lena n-áirítear:

- Tuairisc chun dáta ar N2/A5 (Baile Átha Cliath go Doire/Dún na nGall)
- Forbairt an Bhealaigh Ten-T
- Leithdháileadh Airgid Bóthair
- Athbhreithniú ar Socruithe Páirceála Gluaisteán
- Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla
- Clár 3 Bliana Soilse agus Cosán
- Tionchar Uisce Éireann ar Bóithre
- Cothabháil Geimhridh
- Teorainneacha Luais
- Soilsiú Poiblí
- Dreidireacht
- An Creat Náisiúnta Pleanála
- Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail
- Tionscadal Ghlasbhealach an Iarthuaiscirt
- Brexit
- Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn
- Socrúcháin Bainistíochta Trácht do Thionscadail Foirgníochta
- Speicis Ionracha
- Leithdháileadh Bóithre Náisiúnta & Neamh-Náisiúnta

Gradaim Chathracha 2018

Saoirse an Chontae le haghaidh Danny McDaid

Ag Fáilteú Cathartha speisialta ar an 28 Bealtaine 2018 i dTeach an Chontae i Leifear, bronnadh Saoirse an Chontae ar Danny McDaid an lúthchleasaí Oilimpeach ó Dhún na nGall. Ghlac Danny páirt sna Cluichí Oilimpeacha dhá uair ar son na hÉireann – i Munich in 1972 agus i Montréal in 1976.



Galfchúrsa Bhaile Lifín

Ar an 24 Meán Fómhair reáchtáladh fáilteú cathartha chun aitheantas a thabhairt ar éacht Ghalfchúrsa Bhaile Lifín as Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann arna urrú ag Dubai Duty Free a óstáil i mí Iúil. Thug nach mór 95,000 duine cuairt ar Bhaile Lifín le linn an chomórtais agus tugadh léiriú ar Bhaile Lifín do thart ar leathbhiliún duine ar fud an domhain.



Altan

Ar an 21 Bealtaine, bhronn Cathaoirleach agus comhaltaí tofa Chomhairle Cathrach Dhún na nGall onóir ar Altan as an méid atá curtha acu le ceol traidisiúnta na hÉireann agus as a bheith ina n-ambasadóirí ag Éirinn le 30 bliain anuas. Tá Altan ar ceann de na grúpaí tíre Éireannach is mó a bhfuil cáil orthu agus sheinn siad lena leithéid de cheoltóirí iontacha agus Dolly Parton, Enya, the Chieftains, Donal Lunny, Steve Cooney agus Alison Krauss agus go leor leor eile.



Manus Kelly agus Donall Barrett

Ar an 16 Aibreán 2018, reáchtáladh fáilteú cathartha i dTeach an Chontae i Lífear in onóir do laochra na rásaíochta mótaí, Manus Kelly agus Donall Barrett chun aitheantas a thabhairt ar a gcuid éachtaí Railí Idirnáisiúnta Dhún na nGall a bhuanach in 2016 agus 2017, agus Craobhchomórtas an Railí Náisiúnta a bhuanach in 2015.



Gradaim Chathracha 2018

Niall MacEachmharcaigh

Reáchtáladh fáiltiú speisialta Dé hAoine 20 Aibreán in Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlocháin Léith chun onóir a léiriú ar an scríbhneoir, léiritheoir agus aisteoir cáiliúil ó Dhún na nGall, Niall Mac Eachmharcaigh as a chuid éachtaí iontacha. Is as a ról mar John Joe Daly i ndrámá Gaeilge TG4, Ros na Rún, is mó atá cáil ar Niall Mac Eachmharcaigh.



Gerry Lane agus Hugh McBride

Reáchtáladh fáiltiú Ard-Mhéara ar an 23 Aibreán in Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn in onóir do Gerry Lane agus Hugh McBride as an méid atá déanta acu chun cur le saol mhuintir Leitir Ceanainn, an cheantair bhardsaigh agus an chontae. Tugadh aitheantas do Gerry Lane as a chuid oibre mar chomhairleoir i réimse na míochaine éigeandála in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn agus as a chuid oibre ó thaobh Sábháilteachta Náisiúnta ar Bhóithre. Tugadh aitheantas do Hugh McBride as a chuid oibre i Seirbhísí Síciatracha Dhún na nGall.



Margaret Toner agus Johnny McCollum

Reáchtáladh Fáiltiú Ard-Mhéara ar an 29 Bealtaine in onóir do Margaret Toner agus Johnny McCollum as an méid iontach atá curtha leo le pobal Leitir Ceanainn. Tugadh aitheantas do Margaret Toner as a cuid oibre le Tionscadal Forbartha Pobal Leitir Ceanainn agus an méid a chuir sí leis an bpobal i rith na mblianta. Tugadh aitheantas do Johnny McCollum as a ról mar Ghrúpa Teacht le Chéile Leitir Ceanainn agus as a chuid oibre in go leor tionscnamh pobail i Leitir Ceanainn i rith na mblianta.



Lúthchleasaithe na gCluichí Oilimpeacha Speisialta

Thug Coiste Cheantar Bardasach na nGlantach aitheantas ar éachtaí ar cheathrar lúthchleasaithe na gCluichí Oilimpeacha Speisialta, a gcóitseálaithe agus a dtuismitheoirí ag fáiltiú speisialta in Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlocháin Léith ar an 13 Samhain. Ghlac an ceathrar lúthchleasaí, Ronán Ó Coirbín (Gaoth Dobhair), Peter Doogan (Gort an Choirce), Patrick Gallagher (Anagaire) agus Paul McFadden (Gaoth Dobhair) páirt sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta i mBaile Átha Cliath i mí Iúil 2018 agus bronnadh boinn orthu.



Seirbhísí Forbartha Pobail & Pleanála

Buaicphointí 2018

Fuarthas

1,993

larratas

ar

Phleanáil

Forbairtí



Ceadaíodh

€2.89M

faoin gClár Forbartha

Tuaithe/LEADER

Reáchtáladh an

47ú

Féile Idirnáisiúnta
Pan-Cheilteach
i Leitir Ceanainn

Fuarthas

€250k

faoin Tionscnamh

'Éire Shláintiúil'.



Caitheadh

€453,000

ar fhorbairtí tithíochta
neamhchríochnaithe

Bhain 177 Tionscadal tairbhe as €740,000 faoi Thionscnaimh an Chiste Forbraíochta.

Leithdháileadh €235,000 ar 464 thionscnamh pobail ó Chiste Forbartha na gComhaltaí.

Leithdháileadh €800,000 ar thionscadail faoin Scéim Forbartha Pobail.

Fuarthas €1.8m le haghaidh 25 tionscadal faoi CLÁR / Clár na mBailte & na Sráidbhailte

Glacadh le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2014

Cuireadh 14 struchtúr leis an Taifead ar Dhéanamhais Chosanta.

Forbairt Pobail



Oscailt oifigiúil Ghíomnásiam Allamuigh i Leitir Ceanainn

Bainistíocht Cistí

Tionscnamh an Chiste Forbartha

Leithdháileadh €740,000 ar 177 tionscadal/grúpa ar fud na gcúig Cheantar Bardasacha faoi Thionscnamh an Chiste Forbartha in 2018 agus fuair 453 grúpa pobail/tionscadal airgead ón €236,000 a bhí i gCiste Forbartha na gComhaltaí.

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Dhún na nGall

Lean CFPÁ Dhún na nGall de mhonatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, 2016-2022. Rinneadh creat agus córas monatóireachta agus measúnachta a fhorbairt chun na haschuir, torthaí agus tionchair phríomha a bhaineann le 105 tionscadal a ghabháil agus a thomhas.

Forbairt Tuaithe/ Clár LEADER

Is é CFPÁ Dhún na nGall an Grúpa Áitiúla Gníomhaíochta atá freagrach as an gClár Forbartha Tuaithe/Clár LEADER 2014-2020 ar fiú €12.9m é a riar i nDún na nGall. D'fhaomh an CFPÁ €2.89m le haghaidh tionscadal in 2018 rud a thug líon iomlán na dtionscadal a fuair maoiniú ó thús an chláir go 102.

An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail

Leanann CFPÁ Dhún na nGall de bhainistiú agus maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail a bhaineann buiséad beagán de bhreis ar €2 mhilliún leis le haghaidh gach bliana den chláir. Is iad Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain agus Grúpa Teagmhála Pobail um Fhorbairt Áitiúil Dhún na nGall a dhéanann an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail a sheachadadh thar ceann CFPÁ Dhún na nGall.

Clár Feabhsúcháin Pobail 2018 & Clár Bhotháin na bhFear 2018

Déanann CPFÁ Dhún na nGall an Clár Feabhsúcháin Pobail a riar thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Soláthraíonn an clár seo maoiniú chun feabhas a chur ar na saoráidí atá ar fáil do phobail. Leithdháileadh €600,000 do thionscadail phobail, lena n-áirítear beagán de bhreis ar €40,000 ar thionscnaimh Bhotháin na bhFear.

An Tionscnamh 'Éire Shláintiúil' - Céim 1 (€138,000) & Céim 2 (€112,100)

Fuarthas €138,000 faoi chéim 1 den tionscnamh Éire Shláintiúil agus cuireadh 11 ghníomhaíocht i ngníomh leana n-áirítear an spórtlann faoin aer i bPáirc Leitir Ceanainn. Fuarthas €112,000 eile faoi chéim 2 le réimse tionscnamh á chur ar fáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall, an Coiste um Sheirbhísí do Dhaoine Óga agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Clár 'Peace IV'

Tá 19 idirghabháil le seachadadh mar seo a leanas faoin bPlean Gníomhaíochta 'PEACE IV' ar fiú €5.5 milliún é:

- o €1.2m do Leanaí agus Daoine Óga;
- o €2m do Spásanna agus Seirbhísí comhroinnte;
- o €2.4m chun caidrimh dhearfacha a chothú ag an leibhéal áitiúil.

Ionchuimsiú Sóisialta / Forbairt Pobail

Tugadh tacaíocht do thionscnamh ionchuimsithe sóisialta éagsúla, lena n-áirítear: an tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta; an Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus Grúpa Comhordaithe na mBeartas um Chuimsiú Sóisialta. Lean an tAonad de thacaíocht riaracháin a chur ar fáil don Chomhchoiste Póilíneachta, don Líonra



Ceol le Cheile Intergenerational Choir ar stáitse in Amharclann An Ghrianáin

Rannpháirtíochta Pobail agus do Chomhairle na nÓg, agus rinne sé na toghcháin chomhairle na n-óg a éascú i scoileanna ar fud an chontae go déanach in 2018.

Ceol le Chéile – Cór Idirghlúine

Reáchtáil an tAonad um Ionchuimsiú Sóisialta tionscnamh an-rathúil ar a dtugtar 'Ceol le Cheile', cór idirghlúine 80 duine, idir dhaoine breacaosta, leanaí agus daoine óga, agus é mar aidhm acu ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus caidrimh idirghlúine níos

láidre a fhorbairt.

An Fhéile Pan-Cheilteach / Oireachtas Rince Uladh

Reáchtáladh an 47ú Féile Idirnáisiúnta Pan-Cheilteach i Leitir Ceanainn ón 3 - 8 Aibreán agus beidh sé ar siúl arís i Leitir Ceanainn in 2019. Reáchtáladh Oireachtas Rince Uladh 2018 arna thacú ag an gComhairle i Leitir Ceanainn ón 1-4 Samhain 2018. D'fhreastal 10,000 cuairteoir ar an imeacht sin agus beidh sé ar siúl i Leitir Ceanainn arís in 2019.



Oíche oscailte Fhéile Pan-Cheilteach i Leitir Ceanainn

Rannóg na Gaeilge

Lean Rannóg Gaeilge na Comhairle le réimse leathan gníomhaíochtaí a reáchtáil lena n-áirítear: Plean Gaeilge a ullmhú, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm ar fud an Chontae, Líonra Leitir Ceanainn, Scéim Scoláireachta Gaeltachta, Seachtain na Gaeilge agus oiliúint foirne ó thaobh na Gaeilge de.

Príomhthionscadail Turasóireachta - Sliabh Liag agus Cionn Mhálanna

Leanadh leis na hoibreacha caipitil ar phríomhthionscadail turasóireachta na Comhairle i Sliabh Liag agus Cionn Mhálanna. Cuireadh Cionn Mhálanna Céim II i gcrích in 2018 nuair a osclaíodh bloc leithris do chuirteoirí agus tá sé beartaithe go gcuirfear céim III i gcrích in 2019 ar chostas €250. Bhí oibreacha ar Sliabh Liag curtha i gcrích don chuid is mó faoi dheireadh 2018 nuair a cuireadh na hoibreacha ar an gcosán sléibhe i gcrích.

CLAR / Clár Baile & Sráidbhaile 2018

Fuair 25 tionscadal maoiniú €1.8m faoi CLAR / Clár Baile agus Sráidbhaile 2018.

Scéim um Bonneagar Áineasa Faoin Aer

Fuarthas maoiniú €30,000 le haghaidh Carrchlós Inse a shíneadh agus €17,500 le haghaidh lúbanna rothaíochta Bhéal Átha Seanaidh.

Tairseach Leitir Ceanainn

Leanadh leis an obair chun an tlonad Fiontraíochta Sóisialta a fhorbairt, maoinithe i bpáirt ó Scéim Dheontais na Sainnaoid

Uirbeacha (2014-2020) le haghaidh Tairseach Leitir Ceanainn le deontas €2 milliún. Ceapadh Foireann Deartha Comhtháite agus cuirfear an tionscadal chun cinn trí na céimeanna pleanála agus tógála in 2019 le mí na Nollag 2020 mar spriocdháta críochnaithe.

Tionscadal ASCENT arna mhaoiniú ag an AE

Leanadh ar aghaidh leis an obair a bhí ar siúl ar an tionscadal ASCENT arna mhaoiniú ag an AE agus cuirfear i gcrích é in 2019. Díríonn an tionscadal seo ar an Earagail le plean bainistíochta agus dearaidh/ pleanáil le haghaidh cosáin sléibhe atá le críochnú in 2019.

Rochtain Aeir/ Seirbhísí Farantóireachta

Tugadh tacaíocht le rochtain aeir chuig an réigiún le cúnaimh airgid a thugadh chuig aerfort Iarthar na hÉireann agus Aerfort Idirnáisiúnta Dhún na nGall. Tugadh síntiúis airgid roimh fheidhmiú dhá sheirbhís farantóireachta, sin An Caisleán Nua - Aird Mhic Giollagáin (Bád Farantóireachta an Fheabhail) agus Bun Cranncha - Ráth Maoláin (Bád Farantóireachta na Súilí).

Grúpa Forbartha Réigiún an Iarthuaiscirt / Comhpháirtíocht um Fhorbairt Straitéiseach an Iarthuaiscirt

Lean an obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chathair Dhoire agus Comhairle an tSraitha Báin faoi choimirce Grúpa Forbartha Réigiún an Iarthuaiscirt agus an Chomhpháirtíocht um Fhorbairt Straitéiseach an Iarthuaiscirt chun tosaíochtaí straitéiseacha foráis an réigiúin a chur ar aghaidh faoi thrí phríomhchólún: (1) Fás & Infheistíocht Eacnamaíoch; (2) Forbairt Fhisiciúil & Chomhshaoil agus (3) Comhtháthú agus Folláine Sóisialta & Pobail.



Bronnadh ar Rory McIlroy mar ambasadóir Chraobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann (Dubai Duty Free) ag Baile Lífin

Seirbhísí Pleanála

Aonad Lárnach Pleanála



Glacadh le Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018 - 2024

Pleananna Reachtúla

Chuir an tAonad Lárnach Pleanála dhá mhórhionscadal i gcrích: Plean Forbartha an Chontae 2018-2024 (arna ghlacadh i mí na Bealtaine) agus Plean Ceantair Áitiúil na Seacht mBailte Straitéiseacha 2018-2024 (arna ghlacadh i mí an Mheithimh).

Chuir an tAonad Lárnach Pleanála tús le Plean Ceantair Áitiúil le haghaidh Leitir Ceanainn agus rinneadh dul chun cinn suntasach ina leith sin freisin. Áirítear sa phlean sin dianchlár réamhchomhairliúcháin le linn mhí na Bealtaine agus mí an Mheithimh ar a d'fhreastail thart ar 700 duine ar an iomlán agus bhí na himeachtaí dírithe go príomha ar threoir straitéiseach roghnaithe an bhaile agus cuireadh críoch leis le seisiún faisnéise deireanach le haghaidh Chomhaltaí an Cheantair Bhardasaigh ag deireadh na bliana.

Cuireadh tús leis an réamhobair ar na Pleananna Ceantair Áitiúla le haghaidh Bhun Cranncha agus Bun Dobhráin.

Iarratais ar Mhaoiniú

Forbraíodh iarratais ar mhaoiniú ar an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach agus ar an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe.

Oidhreacht Thógtha

Dhá scéim deontais caomhnaithe: rinneadh Ciste na Struchtúr i mBaol agus Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha a riar agus cuireadh 14 struchtúr le Taifead na Struchtúr Cosanta.

Gníomhaíochtaí eile

I measc na ngníomhaíochtaí eile bhí:

- An obair a cuireadh le freagraí na Comhairle maidir leis an gcreat pleanála náisiúnta (an Creat Náisiúnta Pleanála) agus an creat réigiúnach (an Dréacht-Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta) a bhí á bhforbairt agus, ar an gcaoi chéanna, an pháirt a ghlacadh in obair a d'eascair as clár oibre na Comhpháirtíochta um Fhorbairt Straitéiseach an Iarthuaiscirt.
- Athbhreithnithe ar na forálacha reachtacha maidir le Láithreáin Fholmha agus Láithreáin Thréigthe d'fhonn na forálacha seo a chur chun feidhme ar chlár oibre athnuachana na Comhairle sa bhealach is iomchuí.
- Teagmháil leanúnach leis an Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta
- Rannpháirtíocht leanúnach i roinnt tionscadal atá faoi stiúir rannóga eile de chuid na Comhairle.

Tionscadal Hericoast

Leanadh ar aghaidh leis an tionscadal HERICOAST arna mhaoiniú ag an AE le ceardlann idir-réigiúnach i mí Aibreán inar ghlac breis agus 50 rannpháirtí páirt, leana n-áirítear 5 Mhéara a raibh ionadaíocht á déanamh acu ar na réigiúnacha comhpháirtíochta ar fud na hEorpa. Reáchtáladh ceardlanna leis na páirtithe leasmhara ar bhonn rialta agus cuireadh le chéile Plean Gníomhaíochta le dhá phríomhghníomhaíocht le cur chun feidhme le linn chéim II den tionscadal.

Tionscadal IMPROVE

Tá an tSeirbhís ina comhpháirtí fosta leis an tionscadal IMPROVE agus oibríonn sí le grúpaí pobail áitiúla chun rannpháirtíocht an phobail agus modhanna rannpháirtíochta a fhorbairt agus trí chur chuige saotharlanna beo a úsáid. Tá comhpháirtithe ag an tionscadal san Íoslainn, san Fhionlainn, san Iorua, sa tSualainn agus i dTuaisceart Éireann.

An tAonad Forfheidhmithe

Líon lomlán na gCásanna Beo ag Deireadh na Bliana

2016	2017	2018
2188	842	826

Staitisticí Cáis

	2016	2017	2018
Cásanna Nua	208	239	306
Litreacha Rabhaidh	127	251	366
Fógraí Forfheidhmithe	61	136	207
Cásanna a tarchuireadh chun na Cúirte	24	15	34
Dúnadh	135	378	329

Oibreacha Feabhsúcháin ar Eastáit Tithíochta/Eastáit Tithíocht Neamhchríochnaithe

Lean an obair atá á déanamh ar eastáit neamhchríochnaithe faoin scéimeanna cistiúcháin de chuid an Rialtais: Ciste Réitigh Láithreán; an Tionscnamh Slándála Poiblí agus an Tionscnamh Náisiúnta Glacadh ar Láimh.

Caitheadh €453,000 ar eastáit tithíochta neamhchríochnaithe, airgead a tháinig ó mhaoiniú na Roinne agus airgead ó bhannaí urra forlíontacha. Chomh maith leis na forbairtí sin a rinneadh a chatagóiriú mar eastáit tithíochta neamhchríochnaithe, bhain an t-údarás pleanála leas as bannaí urra agus a acmhainní féin chun obair leasúcháin a dhéanamh laistigh d'eastáit eile chun cabhrú lena nglacadh de láimh.

Glacadh ar Láimh - Eastáit Tithíochta Cónaithe

Leanadh leis an bpróiseas chun eastáit tithíochta a ghlacadh ar láimh le cúnamh cistithe a fuarthas faoi Thionscnamh Náisiúnta Glacadh ar Láimh de chuid an Rialtais. Bronnadh an maoiniú seo do dhá chineál d'fhorbairt cónaithe difriúla:

- €334,020 a leithdháileadh d'eastáit atá ceangailte leis an gcóras uisce bréan poiblí, agus caitheadh €80,000 den dáileadh sin in 2018 agus tá an chuid eile den mhaoiniú le caitheamh go luath in 2019, agus
- €625,653 a leithdháileadh d'eastáit inar chuir an réalóir infreastruchtúr ar fáil agus caitheadh €100,000 den dáileadh sin in 2018 agus tá an chuid eile den mhaoiniú le caitheamh in 2019.




Aonad Iarratais ar Fhorbairtí


Is léir ó phróifíl na n-iarratas pleanála a fuarthas go bhfuil líon na iarratas cónaitheacha ag dul i méid i gcónaí ach léirítear ann freisin go bhfuil breithniú á dhéanamh ag an tSeirbhís Pleanála ar líon suntasach iarratas tráchtála freisin.

Sáraíonn na sonraí castacht mhéadaithe cásanna, go háirithe maidir leis an mheasúnú atá déanta ar áiteanna cónaithe. Is é an toradh atá air seo ná go mbíonn tairseach níos airde breathnúcháin ag teastáil in iarratais ná mar a bhí roimhe. Bhí thart ar 30% de na hiarratais faoi réir iarratais ar eolas breise le linn 2018, rud a léiríonn ní amháin castacht na gcásanna ach gá le cumarsáid le Gníomhairí agus le hAiltirí maidir leis na cásanna atá ag teacht amach agus ar gá iad a mheas mar chuid den mheasúnacht ar go leor de na hiarratais. Tá gealltanais tugtha go gcinnteofar go gcuirfear tús leis an bpróiseas seo sa chéad ráithe de 2019.

Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas 2013-2018



Iarratais Iarchurtha 2018





Cúrsaí Corparáideacha, Tithíochta & Cultúir

Buaicphointí 2018

Breis agus

€5
milliún

caite ar chothabháil a dhéanamh ar ár stoc tithíochta, agus chun é a fheabhsú & a uasghrádú.

D'fhreastail

11,300

leanbh agus teaghlach ar 150 imeacht le linn **Wainfest.**



Tháinig Cartlann Contae Dhún na nGall i seilbh ar



shaothar ealaíne

de chuid Donal MacPolin

ina léirítear báid traidisiúnta

Breis agus

€1.2
milliún

→ íochta i ndeontais chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas agus daoine breacaosta.
→



328 madra

tugtha ar ais dá n-úinéirí nó úinéirí nua faighte dóibh trí Dhídean na Madraí.

2,431 teaghlach a bhfuil aonad tithíochta sóisialta de dhíth orthu, agus ba é 813 glanlíon na dteaghlach i ndíth.

4,236 aonad de chuid an údaráis áitiúil ar cíós agus 168 aonad ar léas.

303 tionóntacht nua, rud a thugann líon na dtionóntaí go 4,869.

380,000 cuairt ar leabharlanna Dhún na nGall

Cuireadh scéimeanna tithíochta i Mainéar Uí Chuinneagáin, i mBaile Nua Uí Chuinneagáin agus i gCarn Domhnach i gcrích.

Chabhraigh Músaem an Chontae le hArd-Mhúsaem na hÉireann i ndíadh go bhfuarthas ceithre fháinne órga ón gCré-umhaois Dhéanach sa bhaile fearainn Tulaigh Dhónaill.

Seirbhísí Tithíochta

Is é aidhm fhoriomlán an polasaí tithíochta is againne ná chun gach uile líon tí a chur ar a gcumas áit chónaithe inacmhainne d'ardchaighdeán a bheith acu, teaghais atá oiriúnach dá riachtanais, atá lonnaithe i dtimpeallacht mhaith agus, chomh fada agus is féidir, a bhfuil an teaghlach sásta leis an tionacht.

Bhí réimse leathan de chineál chúnaimh a cuireadh ar fáil, ó mheascán de leithdháileadh tionóntachtaí faoin gClár Tithíochta Sóisialta (Tithe Nua Thógtha, Tithe Lándéanta agus Tithe arna Sealbhú), faoin gClár Tithíochta Deonach, faoin gClár Leasuithe Sóisialta agus faoin Scéim Cóiríochta Cíos, chomh maith le haistriú agus ceadú de thacaíochtaí tríd an Scéim Cúnamh Íocaíocht Tithíochta.

Lean an Chomhairle le tionóntachtaí agus áiteanna cónaithe a bhainistiú agus a choinneáil agus tacaíochtaí a chur ar fáil dár dtionóntaí, lena n-áirítear athchóiriú agus uasghrádú ar áiteanna cónaithe agus eastáit trí roinnt cláir éagsúla.

Cuireadh cúnamh deontas ar fáil do dhaoine breacaosta agus do dhaoine atá faoi mhíchumas faoin Scéim Dheontas Oiriúnú Tithíochta, faoi Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta agus faoin Scéim Chuidiú Tithíochta do Dhaoine Breacaosta. Leanadh le hiasachtaí tithíochta a chur ar fáil do cheannaitheoirí céaduaire ag iarraidh teach a aimsiú, agus cuireadh cúnamh ar fáil faoin Scéim lasachta nua 'Éire a Atógáil' a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Feabhra 2018.

Riachtanas Tithíochta

Aithníodh sa Mheasúnú ar Riachtanais Tithíochta a rinneadh ar an 11

Meitheamh 2018 go raibh 2,431 líon tí faofa chun tithíocht Shóisialta a fháil i gContae Dhún na nGall. Astu siúd, bhí 1,618 ag fáil tacaíocht tithíochta sóisialta cheana féin, agus iad ag lorg go n-aistrefar dóibh teach comhairle atá ann cheana dóibh nó tionóntacht de chuid Chúnamh Íocaíocht Tithíochta. Mar sin, ba é 813 glanlíon na ndaoine sa Chontae a bhí i ndíth.

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh a díchill riar ar riachtanais iarratasóirí, ag úsáid meascán de leithroinnt stoic tithíocht shóisialta reatha agus nua araon, áiteanna cónaithe ar léas, cóiríocht a fuarthas faoin Scéim Cóiríochta Cíos agus an Scéim Cúnamh Íocaíocht Tithíochta chomh maith le háiteanna cónaithe a fuarthas iad trí Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Tionóntachtaí

Cruthaíodh 303 tionóntachtaí údaráis áitiúil nua san iomlán, rud a bhfágann go raibh 4,869 tionóntaí údaráis áitiúla ann ag deireadh na bliana.

Bhí 1,729 tionóntachtaí ann san iomlán faoin Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta faoi dheireadh na bliana agus tháinig 256 teaghlach eile faoin Scéim Cóiríocht ar Cíos.

Cothabháil agus Feabhsúcháin Soláthar Tithíochta

Ag deireadh 2018, bhí an Chomhairle freagrach as 5,004 aonad. Caitheadh breis is €5 mhilliún ar cothabháil agus feabhsúcháin a dhéanamh ar ár soláthar tithíochta agus ár n-eastáit. Áirítear san fhigiúir sin gnáth-chothabháil agus gnáthdheisiúchán, an obair a



Scéim Tithíochta Sóisialta nua i mBaile Nua





Tógáil scéime tithíochta nua i Mainéar Uí Chuinneagáin

dhéantar chun dea-choai a chur ar thithe atá folamh, éifeachtúlacht fuinnimh na tithe a fheabhsú, chomh maith le hoibreacha ar leith eile chun na tithe a leasú agus a athchóiriú.

Miondealú ar Aonaid Tithíochta

Aonaid faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil	4,836
Aonaid ar Léas Fadtéarma (sa Mhargadh Príobháideach)	168
lomlán	5,004

Anuas ar an €2.4 milliún a caitheadh ar ghnáthchothabháil agus deisiúcháin, rinne an Chomhairle feabhsúcháin ar an Stoc Tithíochta sóisialta faoi roinnt clár in 2018 mar atá leagtha amach thíos:

Clár uasghrádaithe creatlach

Faoin gclár seo atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh áiteanna cónaithe a fheabhsú, tá feabhsúcháin déanta anois ar bhreis agus 2,000 aonad. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair chuige sin agus cuireadh tús leis an gconradh is déanaí a bhaineann le 437 aonad i mí na Nollag 2018. Tá beartaithe go mbeidh Céim 1 (Oibreacha Inslithe) críochnaithe le linn 2019. Tá breis agus €3.5m caite go dtí seo faoin gClár seo.

Tithe folmha a úsáid arís

Caitheadh breis agus €2 mhilliún ar chaoi a chur ar 193 teach folamha d'fhonn iad a úsáid arís. Áirítear san airgead sin cúnamh maoinithe €1.1 ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi Chlár na bhFoirgneamh Folamh agus faoi Chlár na bhFoirgneamh Folamh atá

Tréigthe le Tréimhse Fhada.

Oibreacha agus Síntí Oiriúnaithe Aonuaire

Chaith an Chomhairle breis is €500,000 ag déanamh oiriúnuithe oibreacha beaga ar 27 aonad agus ar shíneadh a chur le 8 n-aonad dár stoc tithíochta sóisialta. I bhformhór na gcásanna, ba ar mhaithe le tionóntaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus/nó atá faoi mhíchumais a rinneadh an obair seo.

Oibreacha Athchóirithe/Deisiúcháin Shonracha

Caitheadh €239,093 eile ar oibreacha athchóirithe/deisiúcháin shonracha in eastáit ar fud na tíre.

Bainistíocht Eastáit

Tá cúig Oifigeach Measúnaithe Tithíochta / Oifigeach Idirchaidrimh le Tionónta ag an gComhairle i mbun Bainistíochta Eastáit agus cuireadh beagnach €52,000 ar fáil faoi choinne tionscnaimh bhainistíochta eastáit.

Scéim Cúnamh Caipitil

Lean an Chomhairle de dhul i mbun plé le hEarnáil an Chomhlachta Thithíochta Ceadaithe agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le cóiríocht a chur ar fail faoin gclár seo chun freastal ar riachtanais daoine breacaosta agus daoine faoi riachtanais speisialta. Tá an clár dírithe go sonrach chun freastal ar chóiríocht le haghaidh daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu nuair nach bhfuil cineálacha tacaíochtaí cóiríochta traidisiúnta oiriúnach. Soláthraíodh 5 aonad faoin gclár seo agus tá tograí curtha isteach le haghaidh 50 aonad eile.

Clár Léasaithe Tithíochta Sóisialta

Faoin gClár Léasaithe Sóisialta, is féidir áiteanna cónaithe oiriúnacha a léasú chuig an údarás áitiúil ar feadh tréimhse deich mbliana. Tá 168 aonad ar fad léasaithe faoin gclár seo go dáta.

Chomh maith leis sin, tá an Chomhairle i dteagmháil le hEarnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe le haonaid léasaithe a sholáthar faoin Áis Léasaithe Réamhíocaíochta Caipitil (ALRC)/Scéim Comhaontaithe Íocaíochta agus Infhaighteachta. Soláthraíodh 26 aonad faoi na scéimeanna seo, rud a fhágann go bhfuil 104 aonad ar an iomlán léasaithe ag Earnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Tháinig deireadh le Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018 agus clár nua le haghaidh 2019-2023 á ullmhú. Rinne an clár deireanach a chuspóirí ó thaobh cóiríochta a chur ar fáil a bhaint amach agus a shárú trí réimse bearta difriúla. Bhain tionchar mór leis an Scéim Cúnamh Íocaíochta Tithíochta a thabhairt isteach agus bhain go leor teaghlach den Lucht Siúil leas as an scéim. Rinneadh freastal ar riachtanais chóiríochta 70 teaghlach den Lucht Siúil le linn shaolré an Chláir agus tá mórbair athchóirithe curtha i gcrích ar dhá láithreán stad. Bhí sé mar aidhm ag an gClár freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an scéal ó thaobh cóiríochta neamhbhuaine sa Chontae agus cuireadh an t-athbhreithniú sin i gcrích i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil.

Rinneadh freastal ar riachtanais chóiríochta 24 teaghlach den Lucht Siúil mar seo a leanas:

- 10 theach faoin Scéim Tithíochta Chaihdeánach
- 12 theach faoin céim Cúnamh Íocaíochta Tithíochta
- 2 Theach faoi Thithíocht Dheonach

Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean

Tagann foireann idirghníomhaíochta, Foireann Ghníomhaíochta um Dhaoine gan Dídean, chun a chinntiú go bhfuil na plananna tacaíochta oiriúnacha i bhfeidhm le haghaidh daoine atá gan dídean nó atá i bpríacal a bheith gan dídean.

Le linn na bliana, tugadh cúnamh do 115 teaghlach ó thaobh cóiríochta sealadaí nó áitreabh éigeandála do dhaoine gan dídean a chur ar fáil dóibh. Tugadh an cúnamh ar fáil in éineacht le gníomhairí áitiúla, reachtúla agus deonacha araon, lena n-áirítear Brú Naomh Colm Cille i Leitir Ceanainn.

Tháinig Comhaontú Seirbhíse le haghaidh Seirbhísí Tacaíocht & Cothaithe do Thionóntaí le Clann Shíomóin na Gaillimhe in éifeacht ar an 1 Aibreán 2018. Is é aidhm fhoriomlán an chomhaontaithe sin ná seirbhís athlonnaithe a chur ar fáil do dhaoine atá ag teacht amach ó chóiríocht éigeandála nó cóiríocht gearrthéarma, agus tacaíocht a thabhairt do theaghlach atá i mbaol a bheith gan dídean, chun cabhrú leo cóiríocht a bheith acu (nó fanacht sa chóiríocht atá acu cheana féin) agus dul ar aghaidh ó bheith gan dídean nó ón mbaol sin i dtreo na maireachtála neamhspleáiche inbhuanaithe. Ní dhéanann an tSeirbhís seo dúbláil ná forluí obair seirbhísí iomchuí eile ná ní thagann sí in áit na seirbhísí sin, ach cabhróidh sí le daoine na seirbhísí sin a rochtain.



Tógáil scéime tithíochta i Leitir Ceanainn

Mar a d'iarr an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, bhí an Chomhairle ina príomhghníomhaireacht maidir le tacaíocht a thabhairt don chlár chun Teifigh a Athlonn i nDún na nGall. Oibríonn Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint trí Údaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí áitiúla chun comhtháthú agus athlonnú dídeanaithe a éascú. Stiúránn Grúpa Oibre Idirghníomhaireachta Athlonnaithe Dhún na nGall an Clár Athlonnaithe seo agus tá ionadaithe ó ghníomhaireachtaí reachtúla, pobail agus deonacha ina gcuid de. Tá áit chónaithe tugtha do 133 duine i nDún na nGall faoin gClár seo.

Deontais Tithíochta

Feidhmíonn an Chomhairle trí scéimeanna deontais atá cómhaoinithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (80%) agus Comhairle Contae Dhún na nGall (20%). Is éard is cúis leis na scéimeanna ná cabhrú le daoine atá faoi mhíchumas nó le daoine breacaosta maireachtáil go compordach agus go neamhspleách ina dtithe féin. Íocadh amach €1,259,529 i ndeontaisí i leith 269 aonad cónaithe.

Imscrúdú ar áiteanna cónaithe príobháideacha

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana leis an gclár iniúchta um áiteanna cónaithe príobháideacha ar cíos chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh riachtanais reachtúla cóiríochta ar cíos mar atá leagtha amach sna Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin Tithe ar Cíos) 2008 - 2017. Rinneadh 1,115 iniúchadh ar 749 ionad, agus tá an Chomhairle tar éis fiosruithe a dhéanamh le tiarnaí talún i ndiaidh na n-iniúchtaí sin ionas go ndéanfar feabhsaithe ar na háiteanna cónaithe ar cíos príobháideach.

Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí

Déileálann an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí an teagmháil ar fad ón bpobal trí uimhir ghutháin na Comhairle (074 91 53900) agus seirbhísí ar líne (info@donegalcoco.ie, Report It, Fix Your Street, Facebook, Twitter). Dhéileáil an t-ionad le nach mór 97,000 glao dátheangacha (Gaeilge agus Béarla) in 2018; freagraíodh 78% de na glaonna laistigh de 20 soicind agus bhí an meán-am freagartha foriomlán faoi bhun 30 soicind. Dhéileáil an tIonad le beagnach 7,000 teagmháil ar líne in 2018.



Caipiteal Tithíochta

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall tiomanta go mbaifear amach na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach in 'Éire a Atógáil' agus tá sí ag leanúint ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar phríomh-mhaoinitheoir na gclár chaipitil tithíochta sóisialta.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana ó thaobh dearaidh agus soláthair tithíochta sóisialta ar fud Dhún na nGall. Tá leas á bhaint as roinnt mhaith sásra chun freastal a dhéanamh ar na riachtanais tithíochta sóisialta atá ann. Tá ag éirí leis an gComhairle tithíocht sóisialta d'ardchaighdeán a chur ar fáil trí fhoirgneamh a cheannach agus iad a thógáil.

Cuireadh scéimeanna tithíochta i Mainéar Uí Chuinneagáin, i mBaile Nua Uí Chuinneagáin agus i gCarn Domhnach i gcrích.

Tithíocht Shóisialta faoi Shealbhú Lándéanta

Tá dhá phróiseas soláthair ar leith i bhfeidhm le dhá bhliain anuas maidir le tithíocht shóisialta a lorg trí shealbhú lándéanta. Cuireadh 21 teach i Srath an Urláir (18 x teach 3 sheomra leapa agus 3 x 4 sheomra leapa) i gcrích agus cuireadh 16 teach i gcrích sa Chraobh (Smith) i Leitir Ceanainn.

Rinne an próiseas soláthair tithe lándéanta a fógraíodh go luath in 2018 aighneachtaí a lorg le haghaidh 17 dteach ar fud an chontae. Rinneadh teagmháil leanúnach leo siúd a rinne togra agus táthar ag súil go gcuirfear roinnt tionscadal ar aghaidh in 2019.

Tá na tograí ar fad faoi réir formheas na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

An Clár um Shealbhú Tí

Fuair an Chomhairle 43 teach faoin gClár um Shealbhú Tí, infheistíocht a chosaint breis agus €6m ar an iomlán. Cuirtear an clár sin i bhfeidhm ar fud an chontae.

Dearadh & Tógáil Tithíochta Sóisialta

Lean an Chomhairle ar aghaidh le tithíocht shóisialta a dhearadh agus a thógáil ar aon dul leis na treoracha ón roinn. Tá leasa na dtionóntaí a bhfuil ina gcónaí sna tithe seo i gcroílár na ndeartha. Tá na haonaid go léir deartha le bheith an-tíosach ar fhuinneamh, agus costais reatha íseal i gceist leo, le riachtanais shonracha na dtionóntaí a fhreastail nuair is gá, agus déantar iad go léir go hard-chaighdeán ar aon dul leis na rialacháin tógála ábhartha.

Meastar go mbeidh tionscadail ag tosú in 2019 sna Cealla Beaga, i mBun Cranncha, i Ráth Bhoth, sa Lána Fada i Leitir Ceanainn, i nDún na nGall, i Málainn agus i mBaile Suingean. Tá na scéimeanna seo a leanas ag dul tríd an bpróiseas dearaidh mar seo a leanas: Dún Fionnachaidh; Dún na nGall, Bun Dobhráin; Bun Cranncha agus Cnoc Óráin, Leitir Ceanainn.

Lean an Chomhairle de thalamh a lorg le haghaidh tithíochta sóisialta a fhorbairt mar fhorlíonadh ar an gclár reatha.



Tógáil eastát tithíochta sóisialta lándéanta i Leitir Ceanainn

Acmhainní Daonna

Earcaíocht

Ritheadh 48 comórtas san iomlán chun folúntais a líonadh i réimse de phoist éagsúla. Cuireadh na comórtais ar siúl le haghaidh folúntas sealadach nua maidir le tionscadail agus réimsí gníomhaíochtaí sonracha arna dtacú le maoiniú seachtrach, le haghaidh obair séasúraí agus chun folúntais i mbainistíocht agus struchtúr foirne na Comhairle a tháinig chun cinn i rith na bliana a líonadh. Oiliúint agus Forbairt

Leanann an Scéim Oiliúna Foirne na Comhairle de dheiseanna breisoideachais a chur ar fáil don fhoireann agus tá cúrsaí á ndéanamh ag baill foirne i réimsí amháil réimse an Airgeadas, réimse na Foirgníochta, an réimse margaíochta agus réimse na hInnealtóireachta.

In 2018 tháinig méadú de 11% ar an líon daoine a cuireadh traenáil orthu in Ionad Réigiúnach Traenála Shrath an Urláir, i gcomparáid le 2017. Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne i réimse ábhair éagsúla, lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht, Gléasra agus Innealra ina measc, agus cúrsaí speisialaithe ar bhóithre, uisce agus dramhuisce chomh maith. Táthar tar éis roinnt cúrsaí nua agus athbhreithnithe curtha ar fáil i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh. Cuireadh clár creidiúnaithe

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) maidir le scileanna comhraithe dóiteáin ar earcaithe nua Sheirbhís Dóiteáin Dhún na nGall.

Leas Foirne

Lean le hOifig Leasa na Foirne tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil don fhoireann. Chuir an Chomhairle Clár cúnamh i gcomhair Fostaithe ar fáil, seirbhís saor in aisce atá iontaofa agus atá ar fáil do gach uile fhostaí agus dá muintir chomh maith.

Thionóladh cúrsa ullmhúcháin réamh-scor in Iúil inar tugadh raon comhairle agus eolas do bhaill de chuid na foirne.

Rinne rannóg aoisliúntais na Rannóige Acmhainní Daonna 31 iarratas a phróiseáil le haghaidh pinsean lena n-áirítear scoir, sochair pinsin caomhnaithe, pinsin chleithiúnacha, aiscí nó íocaíochtaí cnapshuime. Cuireann MyPay seirbhís ar fáil anois d'údarais áitiúla sna réimsí a bhaineann le párolla agus aoisliúntas, trí socrú aonair seirbhísí comhroinnte atá lonnaithe i bPort Laoise.



Bainistíocht Saoráidí

Tá an Chomhairle tar éis a chreidiúnú ISO 50001 a choinneáil as a Córas Bainistíochta Fuinnimh agus rinne Certification Europe roinnt iniúchtaí seachtracha in 2019.

Chuir an Fhoireann Bainistíochta Saoráidí roinnt tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm lena n-áirítear:

- Uasghrádú soilsíú LED curtha i gcrích in Ionad Seirbhísí Poiblí Charn Domhnach agus Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlocháin Liath.
- Fuarthas maoiniú deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana faoin gClár Pobail um Fhuinneamh Níos Fearr le haghaidh uasghrádaithe soilse LED in Ionaid Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn agus Ionad Seirbhísí Poiblí Bhaile na nGallóglach, Músaem an Chontae agus an Lárleabharlann agus Ionad Fóillíochta Finn Valley.
- Uasghrádú déanta ar an insliú sa choire-theach i ngach ceann de na hIonaid Seirbhísí Poiblí agus i dTeach an Chontae.
- Rinneadh teagmháil leis an gclár OP@W (cumhacht a barrfheabhsú @ an obair) chun feachtais feasachta ar fhuinneamh a chur ar siúl le haghaidh foirne in Ionad Seirbhísí Poiblí Dhún na nGall & Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlochán Liath, agus i dTeach an Chontae, Leifear.
- Cuireadh isteach triomadóirí láimhe atá tíosach ar fhuinneamh, rud a laghdaigh an méid fuinneamh a úsáidtear agus an méid bruscar a bhíonn ann ó thuáillí páipéir.

- Faoin tionscadal NPA SECURE, cuireadh isteach córas cliste rialaithe teasa gan sreang in Ionad Seirbhísí Poiblí, rud a chuimsigh teirmeastat agus comhláí radaitheora i ngach seomra agus a spáráil breis agus 10% ó thaobh an ola a úsáideadh.
- Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall chun tosaigh ó thaobh iarratais ar deontais chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoin gClár Pobail um Fhuinneamh Níos Fearr agus rinneadh roinnt mhaith tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh phobail dá bharr sinn, amhail an tIonad CAKE i gCúil na gCuirridín, Halla an Eaglais i gCarnone, Pobal Iascarragh san Fhál Charraigh agus club sacair Fhánaithe Chabraí.

Lean an Rannóg Bainistíochta Saoráidí le conarthaí cothabhála a chur i bhfeidhm chun aire, cothabháil agus deisiúchán leanúnach a chinntiú le haghaidh an 5 Ionad Seirbhísí Poiblí de chuid na Comhairle agus ar Ionad Leifir.



Faighiteoirí cúnaimh deontais faoi Phobail SEAI le haghaidh Fuinneamh Níos Fearr

An tSeirbhís Thréidliachta

Glacann Seirbhís Thréidliachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ról reachtúil comhairleach agus riaracháin ar nithe a bhaineann le sláinte phoiblí thréidliachta, úinéireacht fhreagrach ainmhithe, agus bainistíocht fhreagrach ainmhithe.

Sláinte Phoiblí Thréidliachta

Faoi chonradh seirbhíse d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, soláthraíonn an Chomhairle an tseirbhís rialaithe reachtúil i seamlais a bhfuil tréachur íseal acu, ionaid maraithe éanlaithe ar fheirmeacha agus gnólachtaí próiseála feola. Bhí 11 áitreabh faoi mhaoirseacht. Rinne Cigirí Thréidliachta scrúdú ar 13,659 ainmhí i sé seamlas áitiúla. Rinne 254 cigireachtaí rialaithe oifigiúla eile sna háitribh ar fad agus tógadh 178 samplaí.

Rialú Ainmhithe

Eisíodh 13 cheadúnas ginearálta madraí, 23 cheadúnas saoil madraí agus 8204 cheadúnas aonair madraí. Rinneadh cigireacht ar 9 n-áitreabh faoin Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí. Tugadh 408 madra ar ais dá n-úinéirí nó tugadh d'úinéir eile iad trí Dhídean Madraí Chomhairle Contae Dhún na nGall. Tuairiscíodh 24 capall ar strae don Chomhairle in 2018 agus cuireadh 7 acu i bpóna.



Rannóg an Chultúir

An Clár 'Éire Chruthaitheach'

I mí Eanáir, rinne Comhairle Contae Dhún na nGall Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún na nGall 2018-2022 a fhaomhadh.

Cuireadh an méid seo a leanas i gcrích:

- Caitheadh breis agus €113,000 ar thionscadail agus tionscnaimh lena n-áirítear: Iníúchadh ar oidhreacht chultúir Cholm Cille agus fótagraiméadracht de Thuras Cholm Cille; scéim deontais Bhliain Eorpach um Oidhreacht Chultúir; scéim deontais Bhliain na Gaeilge; Féile Wainfest, féile ealaíon agus leabhar do leanaí; Féile Bhá Dhún na nGall agus na Cruaiche Gorma, an tSeachtain Oidhreachta, Oíche an Chultúir; athphriontáil an leabhar amhráin agus rannta gníomhaíochtaí ilteangacha 'Babbling Babies'; an creatdoiciméad 'Stitch in Time' le haghaidh na scéime deontais tuódóireachta amach anseo; athchóiriú adhmaid i Mainistir Ráth Mhuilinn; tuairisc chaomhnaithe maidir leis an bpost faire ag Pointe Charraig an Rois; an cór idirghlúine Ceol le Chéile; comhdháil an Diaspóra; bailiúchán Joseph Murray 1917-1975 a dhigitiú; athphriontáil an leabhráin maidir le Cionn Mhálanna, Leabhar Laochra Chontae Dhún na nGall; an Cogadh Mór 1914-1918; agus Cruinniú na nÓg.
- Reachtáladh an chéad lá náisiúnta cruthaitheachta le haghaidh leanaí agus daoine óga, Cruinniú na nÓg, Dé Sathairn an 23 Meitheamh agus é mar aidhm aige rannpháirteachas i gcúrsaí cultúir agus cruthaitheachta a cheiliúradh agus a spreagadh. Cuireadh 16 imeacht ar siúl i 13 ionad.
- Ghlac 9 scoil i nDún na nGall páirt i gClár Píolótach Éire Chruthaitheach agus tá dhá 'bhraisle' i nDún na nGall ag glacadh páirt i gclár píolótach na mBraislí Cruthaitheacha ina bhfuil rochtain

ag gach ceann de na scoileanna ar éascaitheoir speisialaithe, ealaíontóir nó saineolas cruthaitheach sa réimse spéise nó sa téama atá roghnaithe acu.

- Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ar ceann de na 30 iarratasóir ar éirigh leo faoin gCiste Náisiúnta Cruthaitheachta agus soláthróidh Garaí an Ghiorria deiseanna d'ealaíontóirí proifisiúnta agus grúpaí dráma áitiúla díriú ar an dráma Gaeilge.

Seirbhís Leabharlainne

Tugadh thart ar 380,000 cuairt ar Leabharlanna Dhún na nGall in 2018.

Leathnaigh an tSeirbhís Leabharlainne a líonra de bhothanna féinseirbhíse RFID (Aitheantas Radaimhnicíochta) e.g. sa leabharlann i gCarn Domhnach, i mBéal Átha an Seanaidh, i nGaoth Dobhair, sna Rosa, i Lifear, i Ráth Bhoth agus in Átha an Mhuilinn.

Éire Shláintiúil i do Leabharlann

Soláthraíonn leabharlanna i nDún na nGall rochtain ar réimse leabhar agus acmhainní ar líne agus reachtáladh réimse imeachtaí a bhaineann le cúrsaí sláinte chun feasacht a chothú ar an gclár Éire Shláintiúil.

Work Matters i do Leabharlann

Seoladh Work Matters Dhún na nGall i mí an Mhárta agus chuir 5 leabharlann deasca sealaíochta ar fáil inar féidir le daoine saoraidí TF agus priontála a rochtain. Is féidir le cláir amhail LEO, INTREO, BOO agus CIS daoine a chur ar aghaidh chuig an gclár seo freisin.



Daoine óga ag glacadh páirte i Cruinniú na nÓg

Wainfest - Féile Ealaíne agus Leabhar do Pháistí

Tionóladh Féile Wainfest na bliana seo ón 6 - 14 Deireadh Fómhair, an fhéile Wainfest ba mhó go dtí seo inar fhreastail 11,300 leanbh agus teaghlach ar 150 imeacht iar fud an chontae. Cuireadh Wainfest ar an ngearrliosta le haghaidh Gradam Chambers Ireland Bharrfheabhais i Rialtais Áitiúil sa chatagóir Seirbhís Leabharlaine Is Fearr.

An Clár 'Right to Read'

I measc bhuaicphointí an chláir seo bhí seoladh an leabhair amhráin agus rannta gníomhaíochtaí ilteangacha 'Babbling Babies' lenár gcomhpháirtithe ar an gCoiste Seirbhísí do Leaná agus Daoine Óga; i gcomhar le Seirbhís Óige Dhún na nGall agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, seoladh agus promóisean 'Sammy the Caterpillar' - treoirleabhar do thuismitheoirí/caomhnóirí chomh maith le bailiúchán de leabhair ghaolmhara; chomh maith le Read DL agus Am Teaghligh i do Leabharlann.

An tSeirbhís Ealaíon

Lean an tSeirbhís Ealaíon de thacú le cruthú saothar úr ealaíne i nDún na nGall, lena n-áirítear seónna ar chamchuart agus léirithe nua le Grúpa Carnabhair Inis Eoghain, an grúpa amharclainne Blue Wall, Ciorcal Dramaíochta Dhún na nGall agus Dark Daughter Productions.

Carnabhal Bhéal Átha Seanaidh

Faoin teideal Fionn Uisce Clear Water, rinne tionscadal Charnabhal Bhéal Átha Seanaidh ceiliúradh ar chumhacht ghlan a bheith á giniúint go leanúnach ag Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) ag an stáisiún cumhachta hidrileictreach ag Eas Chaitlín ó na 1950idí ar aghaidh. Mar chuid den Pharaid ag deireadh an Charnabhail, rinne BSL Eas Chaitlín a lasadh suas ar bhealach iontach agus chuir LUXe, cuideachta amharclainne tírdhreacha dealbhóireacht tine den Bhradán Feasa ag eitiil os cionn na hÉirne. Tháinig gar do 2,000 duine le chéile chun an taispeántas iontach seo a fheiceáil.

An Comhpháirtíocht Cultúrtha Idirnáisiúnta EDGES

Lean an Chomhpháirtíocht Cultúrtha Idirnáisiúnta EDGES le gluaiseacht ealaíontóirí idir Dhún na nGall, an Iorua agus an Íoslainn a éascú, agus an t-ealaíontóir ó Bhaile Suingean Ann Quinn tar éis cónaitheacht a chríochnú Andennes, Vesterålen i mí Aibreán agus an grianghrafadóir agus an luibhliá ó Bhaile Nua Uí Chuinneagáin, Jaqui Reed tar éis taisteal go hIarthar na hÍoslainne chun cónaitheacht a chríochnú in Ionad Ealaíona Skriduklaustur, Egilsstadir, i mí an Mheithimh.

Lughnasa Féile Idirnáisiúnta Friel

Reáchtáladh an tríú Lúnasa Féile Idirnáisiúnta Friel i nDún na nGall, i



Ag seoladh Wainfest 2018 i Músaem Muiri Inis Eoghain



Swan Lake/Loch na hEala in Amharclann an Ghrianáin

nDoire agus san Ómaigh ón 9-19 Lúnasa. I measc na mbuaicpointí, cuireadh sé cinn de thaispeántas promanáide ar siúl de dhráma Brian Friel's 'Faith Healer' i hallaí pobail san Éadan Anfach, sna Gleannta, in Inis Caoil agus in Ard an Rátha agus sraith taispeántais de shleachta as 'The Odyssey' – an dráma Gréagach clasaiceach ar a raibh ardmheas ag Friel - ag Trá na Fearthainne, sa Charraig Fhinn, i Machaire Rabhartaigh, i dTrá na Cille agus i Lios Feannáin. I measc na n-aisteoirí agus na ndrámadóirí a bhí páirteach, bhí Maxine Peake, Tamsin Greig, Rory Kinnear, Natasha McElhone, Charlie Bonner agus Jez Butterworth.

Féile Ealaíona Earagail

Reáchtáladh an 30ú Féile Ealaíona Earagail in 2018. Le linn na Féile, cuireadh chun cinn 125 taispeántas in 29 ionad in 14 baile, sráidbhaile agus oileán thar 20 lá agus oíche, idir 7 agus 29 Iúil.

Amharclann an Ghrianáin

Go luath in 2018, rinne Amharclann an Ghrianáin dhá mhórhthaispeántas Éireannach ar éirigh go hidirnáisiúnta leo – 'Swan Lake/Loch na hEala', mar a athshamhlaigh Michael Keegan Dolan ón gcomhlacht Teač Dańsa é agus an taispeántas iontach a rinne Comhlacht Amharclainne Druid ar 'Waiting for Godot' le Samuel Beckett. Fuair an dá thaispeántas sin ardmholadh.

Bhí an Ghrianán réamhghníomhach ó thaobh obair nua ealaíontóirí áitiúla a fhorbairt amhail 'The Barber of Moville' le Ronan Carr a

chuaigh ar an gcamchuart chuid siopaí an bhearbóra ar fud an chontae mar chuid d'Fhéile na Bealtaine, agus leagan stáitse de leabhair staire John Ruddy's, 'Manny Man Does the History of Ireland', a cuireadh ar an stáitse mar chuid d'Fhéile Ealaíon Earagail i Leitir Ceanainn agus i Málainn.

Ionad Cultúir Réigiúnach

Clár Taispeántais

Mar chuid de chlár an Ionaid Cultúir Réigiúnaigh, bhí roinnt seónna móra ardscála aonair le healaíontóirí Éireannacha amhail 'Lacuna' le Kate Nolan agus 'Swimming to Inishkeel' le Malcom McClay, ina raibh meascán de ghrianghrafadóireacht, físeáin agus dealbhóireacht le feiceáil. Roghnaíodh 'Remains', leis an ealaíontóir Willie Doherty a bhfuil gradaim buaite aige, mar phríomhthaispeántas an tsamhraidh, mar chuid de shraith taispeántas ealaíona & grianghrafadóireachta bunaithe ar an ngluaiseacht cearta sibhialta.

Reáchtáladh an 3ú Fhéile Grianghraif Iargúlta agus é tiomanta do ghrianghrafadóirí a chruthaíonn obair i gcomhthéacsanna iargúlta ná tuaithe. Ina cuid den Fhéile, bhí obair a rinne 12 de na príomhghrianghrafadóirí atá bunaithe in Éirinn ina ndéantar spásanna fisiciúla, sóisialta, síceolaíocha agus samhalta an talún cois teorainn in Éirinn a iniúchadh.

Reáchtáladh sraith seónna aonair, lena n-áirítear seónna le healaíontóir na linne seo Selena Mowat; na healaíontóirí seo atá

Ionannithe i nDún na nGall - Eoghan Arnold, Ian Gordon, Cathal McGinley, Deborah Stockdale, Philip McFadden agus Patrick Sweeney; agus seónna pobail agus grúpaí éagsúla, lena n-áirítear an seó faoin ngluaiseacht cearta sibhialta 'The Lost Moment', léirithe ag Seán O'Hagan, léirmheastóir na n-ealaíon leis an nuachtán 'The Guardian'.

Clár ceoil

Lean an tIonad Cultúir Réigiúnaigh lena chlár forbartha ceoil agus taispeánadh sraith cheolchoirmeacha mar chuid de Chlár an Earraigh agus Clár an Fhómhair, chomh maith le roinnt féilte lena n-áirítear Seachtain Cheoil Traidisiúnta Leitir Ceanainn, Distorted Perspectives agus Deireadh Seachtaine Cheol Idirnáisiúnta Tíre agus Sean-nóis Dhún na nGall mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail.

Meabhairshláinte Dearfach

Ba cheann de na tosaíochtaí a bhí ag an Ionad Cultúir Réigiúnaigh in 2018 ná meabhairshláinte dearfach agus feasacht ar an meabhairshláinte dearfach a chur chun cinn trí thionscadail ealaíne amhail 'Juck's Men's Mental Health Exhibition', 'Jigsaw's Kids Art Show' agus 'Lived Lives: Conversations about Suicide in the Northwest'. Ba thionscadal agus taispeántas cumhachtach pobail é Lived Lives leis an ealaíontóir Dr Seamus McGuinness agus an taighdeoir cliniciúil i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath Dr Kevin Malone, a rugadh i nDún na nGall iad beirt. Thug 'Lived Lives' aghaidh ar an stiogma a bhaineann le féinmharú agus an dúghalar trí obair a dhéanamh le teaghlach a bhfuil daoine muinteartha leo tar éis bháis agus le grúpaí scoile agus grúpaí pobail freisin.

Músaem Contae Dhún na nGall

Deich mBlíana na gCuimhneachán

Le linn 2018, d'eagraigh an Músaem sraith imeachtaí chun comóradh a dhéanamh ar Dheich mBlíana na gCuimhneachán. Ina measc, bhí an taispeántas 'A Long Farewell - Emigration of Donegal Women 1845-1950', arna dhearadh agus forbairt ag Músaem Contae Dhún na nGall agus an tSeirbhís Chartlainne, agus seimineár chun Acht Ionadaíocht na nDaoine, 1918 a chomóradh freisin.

Fáinní órga na Cré-umhaoise Deireanaí

I mí na Bealtaine, chabhraigh an Músaem le hArd-Mhúsaem na hÉireann i ndiadh go bhfuarthas ceithre fháinne órga ón gCré-umhaois Dhéanach sa bhaile fearainn Tulaigh Dhónaill.



Fáinní Órga Thulaigh Dhónaill, le caoinchead Ard-Mhúsaem na hÉireann



Manny Man in Amharclann an Ghriánáin

Tionscadal CINE

Lean an Músaem lena chuid oibre ar an tionscadal CINE, tionscadal oidhreachta digiteach comhoibritheach idir comhpháirtithe ón Iorua, ón Íoslainn, ó Éirinn agus ón Albain agus arna mhaoiniú ag Clár an Tuaiscirt agus Fhorimill an Artaigh. D'fhreastail foireann an mhúsaem ar dhá chruinniú chomhpháirtithe san Íoslainn agus in Albain agus d'eagraigh siad raith imeachtaí agus ceardlaine sna Cealla Beaga agus i Leitir Ceanainn maidir le fótagraiméadracht, digitíú déantúsán agus réaltacht fhíorúil.

Clár breise

D'eagraigh an Músaem imeachtaí le linn na Féile Pan-Cheilteach, Féile na Bealtaine, an tSeachtain Oidhreachta, Wainfest agus an tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta. D'oibrigh an Músaem i ndlúthchomhar le hIonad Oideachais Dhún na nGall chun an Bosca Seandálaíochta a thabhairt go dtí na scoileanna. Bhí teagmháil ag foireann an Mhúsaem le breis agus 700 dalta ar fud an chontae.

An tSeirbhís Chartlainne**Tionscadail**

Rinne an tSeirbhís Chartlainne Dhún na nGall, i gcomhar leis an gcuideachta um ghinealas Find My Past bailiúchán Aontas Dhlí na mBocht a dhigitíú. Rinneadh páipéir Joseph Murray maidir le Cogadh na Saoirse a dhigitíú freisin. Rinneadh an leabhrán a bhfuil an tóir air 'Malin Head: An Enchanting Place, A Colourful Past' a athphriontáil.

Féilte agus Imeachtaí

Ghlac an tSeirbhís Chartlainne páirt i bhféilte amhail Bealtaine, Seachtain na Gaeilge agus Oíche an Chultúir. Cuireadh taispeántas na Chartlainne 'A Trek through Time' ar taispeáint sa Lárleabharlann le linn na Féile Pan-Cheilteach, sna Gleannta le linn Scoil Samhraidh MacGill,

le linn Fhéile na nÉireannach Domhanda, Dún na nGall sa Mhachaire agus sa Sean-Bheairic agus i Leabharlann Bhaile na nGallóglach le linn Sheachtain na hOidhreachta. Thug an cartlannaí cur i láthair ag Seimineár na mBan (le haghaidh Vótáil 100) i Músaem an Chontae.

Comhoibriú

D'oibrigh an tSeirbhís Chartlainne i gcomhar le Músaem an Chontae ar an mórthaispeántas 'A Long Farewell: Emigration of Donegal Women' agus an leabhrán a ghabhann leis. D'oibrigh an tSeirbhís Chartlainne, an Leabharlann agus Músaem an Chontae i gcomhar leis an Scoil Chuimsitheach Ríoga agus Prior agus le Coláiste Deelee ar a dtionscadal Peace IV, rud a chuimsigh seisiún oiliúna le daltaí na hidirbhliana maidir le cúrsaí staire áitiúla.

Éadálacha

I measc na mór-éadálacha bhí obair ealaíne Donal MacPolin ina léiritear báid thraidisiúnta; léarscáileanna Inis Mhic an Doirn; páipéir Murray Stewart agus Eastáit Loch na Beithí; agus bailiúchán grianghraif phroifisiúnta Ann Doherty.

Comhairle agus Tacaíocht

Fuair taighdeoirí cabhair i scríbhinn, ar an nguthán, ar an ríomhphost, ar na meáin shóisialta agus i seomra taighde na Seirbhíse Chartlainne. Rinne an tSeirbhís Chartlainne bainistiú ar thaifid thaiscthe neamhreacha Chomhairle Contae Dhún na nGall agus rinne sí moltaí maidir le taifid an údaráis áitiúla.

An Chartlann a phoibliú agus a fhoilsiú 2018

I measc na n-alt arna scríobh ag an gcartlannaí, bhí ceann maidir le Teach na mBocht, Leitir Ceanainn a foilsíodh i mBliantán Dhún na nGall, athbhreithniú le haghaidh irisleabhar an Chumainn Chartlann agus Taifead, agus alt le haghaidh an irisleabhair chéanna maidir le haltraí cheantar Fhánada.



Leanaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Dúigh ag féachaint ar chartlanna le linn Sheachtain na Gaeilge

Tá breis agus 2,000 cara ag leathanach Facebook na Seirbhíse Cartlainne agus úsáideadh é chun bailiúcháin agus imeachtaí cartlainne a phoiblíú le linn na bliana.

Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

Déanann Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall feasacht a chothú, comhairle a chur ar fáil, sonraí a bhailiú agus an dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le cúrsaí oidhreachta agus cuireann sí Plean Oidhreachta an Chontae i bhfeidhm i gcomhar le Fóram Oidhreachta an Chontae (www.donegalcoco.ie/heritage).

Ba é 2018 Bliain Eorpach um Oidhrecht Chultúir agus bhí an Oifigeach Oidhreachta ina bhall den tosaire um oidhrecht na hÉireann a thug cuairt ar Choimisiún na hEorpa. Dhear agus sholáthair Comhairle Contae Dhún na nGall scéim deontais Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúir a bhronn 15 dheontas €1,500 an ceann. D'éirigh thar cionn le Seachtain na hOidhreachta nuair a reáchtáladh breis agus 120 imeacht agus foilsíodh an Treoir maidir le Seachtain na hOidhreachta, foilseachán a raibh an-tóir air.

Mar chuid d'fhorfheidhmiú Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, rinne an tOifigeach Oidhreachta Iníúchadh ar Oidhrecht Chultúir Cholm Cille, fótagraiméadracht 3D de Thuras Cholm Cille, suirbhé ar na tosca i reiligí faoi chaomhnú Chomhairle Contae Dhún na nGall, tuairiscí caomhnaithe maidir le Séipéal Cholm Cille i nGartán agus an post faire ag Pointe Charraig an Rois, agus creatdoiciméad um tuíodóireacht a chaomhnú.

D'fhreastail 80 duine ar sheimineár saor in aisce maidir le Aghaidheanna Siopaí Traidisiúnta & Comharthaíocht Dhúchasach agus chomheagraigh an Oifig Oidhreachta an cúrsa Forbartha Gairmiúla Leanúnaí 'Learning Through The Landscape' le haghaidh Bunmhúinteoirí agus 5 Cheadlann do leanaí maidir le Gnáthóga Cruthaitheacha. D'fhreastail thart ar 100 duine ar sheoladh an leabhráin 'Scéaltaí' maidir le Bailiúchán Béaloidis na Scol ó na 1930idí, an ceathrú ceann i Sraith Oidhrecht Dhún na nGall arna fhoilsiú ag an Oifig Oidhreachta. Rinneadh Gradam Bliantúil na nÚdarás Áitiúil um Pailneoir na mBailte Slachtmhaire a chomh-urrú agus bhuaigh Baile Slachtmhaire Bhun Chranncha gradam réigiúnach don dara bliain as a chéile.

Rinne an tOifigeach Oidhreachta ionadaíocht ar Chomhairle Contae Dhún na nGall ag seoladh náisiúnta na Straitéise Cultúir agus Cruthaitheachta le haghaidh Chontae Dhún na nGall agus bhí an tOifigeach sin páirteach i dtosaire oidhreachta chur i láthair an Chomhchoiste um Chultúr, Oidhrecht agus an Ghaeltacht i dTeach Laighean, Baile Átha Cliath. Thug Oifigigh Oidhreachta an Chontae cuairt ar Chontae Dhún na nGall le haghaidh a gClár Oiliúna agus Forbartha maidir le hailtíreacht dúchasach a chaomhnú.

Bhronn Grúpa Oidhreachta Ailt an Chorráin 44 líniócht fhráimthe de bháid thraidisiúnta le Donal Mac Polin agus léarscáileanna stairiúla de chuid Gabriel Montgomery (1780idí).



Cainteoirí ag Seimineár Maidir le Aghaidheanna Siopaí Traidisiúnta agus Comharthaíocht Dhúchasach



Forbairt Eacnamaíoch, Córais Faisnéise agus Seirbhísí Éigeandála

Buaicphointí 2018

45 ↗

Deontas, gurb ionann beagnach

€600

san iomlán, bronnta ar 44 thionscadal

 899

teagmhas a raibh freagairt na Seirbhíse Dóiteáin de dhíth orthu.

 Cumhdach de bhreis agus **5 MILLIÚN** ag leathanach Facebook Chomhairle Contae Dhún na nGall.

D'fhreastail

600

duine ar 26 imeachtaí le linn

Seachtain na Fiontraíochta 2018



Déanann Bonneagar TF na Comhairle freastal ar

106

áit ar fud an chontae.

Ghlac 25 Meánscoil agus 988 dalta páirt i gClár Fiontraíochta na Scoileanna.

Tugadh cúnamh deontais €777,000 do 36 tionscadal as a d'fhéadfadh suas le 97 post

An Coiste Tionsaithe Airgid 'Homes of Donegal', Paul McGinley & Martin O'Malley, Faighteoirí Gradam Tip O'Neill 2018.

4 dhearbhan faighte ag Dún na nGall faoin Scéim WiFi 4EU.

Thug Cosaint Shíbhialta 4018 daonuaire deonach ag breis agus 40 imeachtaí neamh-éigeandála.

Fuarthas 174 iarratas ar Theastais Sábháilteachta Dóiteáin agus rinneadh 266 cigireacht faoin gclár bliantúil ceadúnaithe.

Local Enterprise Office (LEO)

Cé gur tháinig an-chuid neamhchinnteachta maidir leis an timpeallacht agus deiseanna gnó amach anseo as an easpa soiléireachta ó thaobh BREXIT de, bhain cliaint na hOifige Fiontraíochta Áitiúil i nDún na nGall ceann de na méaduithe post ba mhó sa tír in 2018 le glanmhéadú 213 post. Is díol spéise é go bhfuil 74% de na gnólachtaí sin den tuairim go gcuirfidh BREXIT mórdhúshláin rompu ó thaobh a bhforbartha amach anseo.

Cuireadh béim ní ba mhó ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta ar tacaíochtaí agus freagraí iomchuí a fhorbairt maidir leis na torthaí agus na dúshláin a d'fhéadfadh teacht as BREXIT agus tá an Oifig Fiontraíochta Áitiúil i nDún na nGall tar éis páirt a ghlacadh iontu sin go léir mar thaca lena cliaint laistigh den chontae. Úsáideadh tacaíochtaí uile na hOifige Fiontraíochta Áitiúil le 18 mhí anuas chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist ar bith a bhaineann le BREXIT a thagann chun cinn i ngnólacht.

Chuir an Oifig Fiontraíochta Áitiúil seirbhísí agus cláir ar fáil faoi cheithre príomhréimse:

- Cur chun cinn na Fiontraíochta agus an Fhiontair,
- Cur chun cinn tacaíochtaí fiontraíochta - idir thacaíochtaí airgeadais agus neamhairgeadais le haghaidh gnólachtaí beaga agus micreghnólachtaí.
- Tionscadail AE a thabhairt chun críche – Co-Innovate, NICHE, EIS

agus an Líonra Fiontar Eorpach, agus

- Gníomhaíochtaí faoin tionscadal Dhiaspóra Dhún na nGall a thabhairt chun críche.

Fiontraíocht agus fiontar a chur chun cinn

Soláthraíodh réimse imeachtaí, ceardlanna agus foilseachán réamhghníomhacha, lena n-áirítear an tSeachtain Fiontraíochta Áitiúla 2018 (5-9 Márta), Clár Fiontraíochta na Scoileanna dara leibhéal, Fiontraí Óg na hÉireann, soláthar na gClár 'Tosaigh Do Ghnólacht Féin' agus an foilseachán "DONEGAL- We Make Things". Bhí na rudaí seo a leanas i measc na dtorthaí:

- 25 Meánscoil agus 988 dalta ar Chlár Fiontraíochta na Scoileanna.
- 48 iarratas agus 18 rannpháirtithe sa chomórtas Fiontraí Óg na hÉireann mar aon le 2 bhuaiteoir réigiúnacha.
- Buaiteoir réigiúnach agus craobhiomaitheoir sna Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta.
- Seachtain Fiontraíochta iontach a rinneadh a óstáil leis na páirtithe leasmhara Fiontraíochta eile, le 26 imeacht ar a bhfreastail 600 duine.
- 6 Clár 'Tosaigh Do Ghnólacht Féin' le 98 rannpháirtí.

Tacaíochtaí Fiontraíochta

Is é seo príomhról agus príomhfheidhm na hOifige Fiontraíochta Áitiúla agus áirítear ann tacaíochtaí díreacha do ghnólachtaí áitiúla



Cainteoirí ag an seimineár Beyond Local

amhail comhairle gnó duine le duine, meantóireacht, oiliúint, clár forbartha bainistíochta, líonraí éascaithe tionscnaimh dírithe ar earnálacha sonracha amhail Cósta an Bhia agus an Cósta Cruthaitheach, Cúnamh Teicniúil (deontais) le haghaidh Micrea-Easpórtálaithe (TAMES), Dearbháin Trádála Ar Líne, Deontais Féidearthachta, Prímeála agus Leathnaithe. Bhí na rudaí seo a leanas i measc na dtorthaí:

- Tugadh cúnamh deontais €777,243 do 36 tionscadal as a d'fhéadfadh suas go 97 post teacht.
- 45 íocaíochtaí deontais €599,982 ar an iomlán do 44 tionscadal.
- +203 post cruthaithe.
- 93 tasc meantóireachta curtha i gcrích.
- 85 clár agus ceardlann ar a bhfreastail 1,522 duine (724F/798B).
- 47 Dearbhán Trádála Ar Líne faofa.
- Faomhadh 8 n-iasacht ó Micro Finance Ireland le haghaidh gnólachtaí beaga i nDún na nGall.
- Athbhreithniú 3 bliana curtha i gcrích ar thionscadal an Chósta Cruthaitheach agus plean eile 3 bliana dréachtaithe.
- Éascú ar 3 líonra laistigh de thionscadail an Chósta Cruthaitheach agus dhá phríomhchlár oiliúna curtha i gcrích.
- Suíomh gréasáin nua, ríomhíris ráithiúil, turas amháin ar son an deachleachtais, promóisean ballraíochta agus ceardlanna oiliúna faoin tionscadal Cósta an Bhia.

Tionscadail Eorpacha

Faoin gClár CO-Innovate, fuair gnólachtaí atá páirteach sa chlár athbhreithnithe gnó agus rinneadh iniúchtaí gnó orthu.

Cuireadh an chéad chéim den chlár Nuálaíochta Bia NICHE i gcrích

agus fuarthas maoiniú le haghaidh 12 mhí eile chun an Plean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm. Tá an tionscadal seo dírithe ar thacaíochtaí a sholáthar do ghnólachtaí bia i réimse na Nuálaíochta.

Cuireadh an chéad chéim den tionscadal EIS i gcrích le tabhairt chun críche an phlean gníomhaíochta. Tá an tionscadal seo dírithe ar idirnáisiúnú 'Gnólachtaí Beaga agus Meanmhéide (GBManna)' agus fuarthas roinnt ceachtanna léirsteanacha a chabhróidh chun clár píolótach idirnáisiúnaithe le haghaidh gnólachtaí Dhún na nGall a chur i bhfeidhm in 2019.

Lean Oifig Fiontraíochta Áitiúil Dhún na nGall de bheith chun tosaigh maidir leis an gClár Fiontar Eorpach a chur i bhfeidhm trí na 31 Oifig Fiontraíochta Áitiúla. Reáchtáladh an Chomhdháil "Beyond Europe" i mí Aibreán agus bhí sé dírithe ar ghnólachtaí a spreagadh chun féachaint ar mhargaí idirnáisiúnta maidir le leathnú gnó todhchaí agus reáchtáladh imeacht innealtóireachta 'buail leis an gceannaitheoir' – EENGINEX, in CombiLift, Muineachán i mí na Samhna ar a bhfreastail 82 gnólacht innealtóireachta ó áiteanna ar fud na tíre, ó thuaidh agus ó dheas, agus ag a reáchtáladh breis 600 cruinniú. Is léir ón gcéadfhéachaint ar an athbhreithniú a rinneadh ar an imeacht go ndearnadh díolacháin de bhreis agus €700,000 ann.

Diaspóra Dhún na nGall

Leanadh ar aghaidh le hobair thionscadal Dhiaspóra Dhún na nGall le baint amach na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

- Comhdháil an Diaspóra i mí na Bealtaine i gCaisleán Loch Iascaigh – "Culture and the Importance of Belonging to Place" ar a bhfreastail





Faigheoirí Ghradam Diaspóra Tip O'Neill le teaghlach Tip O'Neill, nach maireann, agus baill an choiste

cainteoirí tábhachtacha náisiúnta agus idirnáisiúnta chun léargas athabhairt ar an tábhacht a bhaineann le cónaí in áit inar féidir linn ár bhféiniúlacht a chur in iúl.

- Reáchtáladh deireadh seachtaine Ghradam Diaspóra Tip O'Neill i mí Meán Fómhair agus bronnadh gradaim ar: An Coiste 'Homes of Donegal', Bostún; an Galfaire Paul McGinley; agus iar-Gobharnóir Maryland Martin O'Malley. Rinne gach faigheoir ceardlann a stiúradh le linn na deireadh seachtaine agus reáchtáladh dúshlán gailf Tip O'Neill i mBaile Liffín arís.
- Reáchtáladh Féile Domhanda Dhún na nGall thar dhá dheireadh seachtaine i mí Dheireadh Fómhair, arna mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Fáilte Éireann agus í dírithe ar naisc a athbhunú lenár ndiaspóra in Albain trí cheol, oidhreacht agus spóirt.
- Misean trádála agus infheistiúchá go Filideilfa agus Bostún i mí na Samhna i gcomhar le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i gComhdháil na nGeataí Órga.
- Foilsíú nuachtlitreach ráithiúla a scaipeadh ar an diaspóra in Éirinn agus thar lear.

An tAonad AE

Lean an tAonad AE le deiseanna a iniúchadh chun maoiniú seachtrach a mhealladh agus dlúthobair a dhéanamh le Stiúrthóirí na Comhairle chun cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a sholáthar.

Leanann an tAonad AE den nuachtlitir AE a fhoilsiú ina dtugtar tuairisc chun dáta maidir le gníomhaíochtaí, nuacht agus tionscadail uile, idir cinn atá ar siúl agus cinn atá beartaithe. Tá an nuachtlitir seo ar fáil ar www.donegalcoco.ie.

Gréasáin/Comhoibriú

Is é príomhról an Aonaid AE féachaint le gréasáin a fhorbairt chun leasa Chomhairle Contae Dhún na nGall. Leanann Comhairle Contae Dhún na nGall d'obair a dhéanamh leis na gréasáin AE seo a leanas ar réimsí leasa choitinn, lena n-áirítear:

- Comhairle Réigiúin na hEorpa
- Oifig Réigiún na hÉireann
- Comhlachas Gníomhaireachtaí Daonlathais Áitiúla
- Pobail Réigiúin um Maireachtáil Chuidithe
- Gréasán Lár-Cheantar Teorann na hÉireann
- Grúpa Forbartha Réigiún an Iarthuaiscirt
- Tionól Réigiúnach an Iarthuaiscirt agus an Iarthair
- Comhdháil na Réigiún Muirí Forimeallach

Tionscadail

Seo achoimre ar líon agus éagsúlacht na dtionscadal atá ar siúl faoi láthair::

Tionscadail Reatha:

Clár Maoinithe	Tionscadal	Buiséad (€)
Táirgí Turasóireachta Trasnáisiúnta COSME – EASME	Díríonn Hiking Europe ar an oidhreacht áitiúil a nochtadh ar bhealach inbhuanaithe Cuimsítear i dtionscadal Dhún na nGall Bealach na Gaeltachta agus siúlóidí Oileáin.	Buiséad iomlán an tionscadail: €329,832 Buiséad Dhún na nGall: €50,105
Clár Interreg VB Northern Periphery & Arctic (NPA)	Déanann ASCENT teicnící inbhuanaithe bainistíochta comhshaoil a thastáil le hEaragail mar shuíomh piolótach i nDún na nGall. Tá sé mar aidhm ag SECURE réitigh fuinnimh nuálacha a aistriú agus a chur chun feidhme le haghaidh tithíochta agus bonneagair phoiblí. Téann Water Pro i ngleic le saincheistean truaillithe uisce agus éifeachtaí an athruithe aeráide.	Buiséad iomlán an tionscadail: €1,659,253 Buiséad Dhún na nGall: €568,580.76 Buiséad iomlán an tionscadail: €1,500,000 Buiséad Dhún na nGall: €255,000 Buiséad iomlán an tionscadail: €1,474,000 Buiséad Dhún na nGall: €252,000
Clár Interreg Europe	Féachann HERICOAST le dul i ngleic le hoidhreacht cósta agus abhann trí beartais réigiúnacha feabhsaithe maidir le hoidhreacht i dtírdhreacha a bhainistiú.	Buiséad iomlán an tionscadail: €2,045,089.25 Buiséad Dhún na nGall: €285,659
Clár Interreg Europe	Tionscadal NICHE - taighde agus nuálaíocht i gcuideachtaí earnáil an bhia	Buiséad iomlán an tionscadail: €1,694,331 Buiséad Dhún na nGall: €354,850

Ceadaithe le Déanaí:

Clár Trasteorainn Interreg VA 2014-2020	<p>Tionscadal CatchmentCARE (Luach iomlán: €15m) <i>Is é is aidhm leis an tionscadal ná feabhas a chur ar cháilíocht an fhionnuisce in abhantraigh trasteorann i ndobharcheantar na Finne, na hArna agus na hAbhainn Móire.</i></p> <p><i>Ionad Bryden le haghaidh Ardaighde Muirí agus Bithfhuinnimh (An CAMBER roimhe seo - Ionad an Tionscadail Taighde le haghaidh Ardaighde Muirí agus Bithfhuinnimh) (Luach iomlán: €9.3m)</i></p> <p><i>Tacóidh an tionscadal le taighde feidhmeach/réamhthráchtála comhoibriocht atá á stiúradh ag an tionscal agus dírithe ar dhá chineál fuinnimh in-athnuaite - Fuinneamh in-athnuaite muirí agus Bithfhuinneamh.</i></p> <p>Tionscadal Co-Innovate (Luach iomlán: €16.6mn) <i>Is é is aidhm leis an tionscadal Co-Innovate ná feabhas a chur ar acmhainn nuálaíochta GBManna. Soláthróidh an Oifig Fiontraíochta Áitiúil de chuid na n-údárás áitiúil lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún na nGall ar na chéad trí ghnéithe de na hidirghabhálacha cúig chéime.</i></p>
---	---

Recently Approved:

<p>Interreg VA Cross Border programme</p> <p>2014-2020</p>	<p>Tionscadal Ghlasbhealach an Iarthuaiscirt (Luach iomlán: €14.86m)</p> <p>Tá sé mar aidhm ag an tionscadal gréasán trasteorann de glabhealaigh agus bealaí rothaíochta a chruthú chun turasanna gluaiстеáin a laghdú. Is iad seo na trí bhealach:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Doire trí Pennyburn agus Ceann an Droichid ag dul trasna chuig Bun Cranncha/Leitir Ceanainn • Sráidbhaile Magh go Doire tríd an trasnú teorann i Magh agus an Chúil Mhór • An Srath Bán go Leifear trí Droichead Leifir
<p>Clár Cheantar an Atlantaigh Interreg VB</p> <p>2014-2020</p>	<p>Féachann an tionscadal EUROVELO 1 le muince bealaí rothaíochta a chruthú ón bPortaingéil go dtí an Iorua. Déanfaidh an tionscadal maoiniú breise a mhealladh chun bealaí rothaíochta a mhargú agus a chur chun cinn agus bealaí rothaíochta atá ann cheana fein a nascadh i gcomhthéacs an AE.</p> <p>Féachann an tionscadal CAPITEN le hionaid barr feabhais a fhorbairt ar fud na hEorpa in earnáil na spóirt áineasa atá bunaithe ar an uisce agus ar an bhfarraige.</p> <p>Féachann an tionscadal Tides of Time arna cheadú i mí Dheireadh Fómhair 2018 le gréasán Eorpach agus iomramh maidir le stair agus oidhreacht na mara a chruthú.</p> <p>Féachann an tionscadal The Trailgazers arna cheadú i mí Dheireadh Fómhair 2018 le measúnú a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch agus toradh na hinfeistíochta a rinneadh i mbonneagar na tsiúlóidí agus na gconar ar fud na hEorpa.</p>
<p>COSME – EASME Turasóireacht Trasnáisiúnta</p>	<p>Is clár é Wildsea Atlantic Ocean Heritage Route a dhéanann suíomhanna tumadóireachta den chéad scoth a nascadh ar chósta Atlantaigh na hEorpa, lena n-áirítear áiteanna sa Phortaingéil, in Éirinn agus in Albain, agus a chuireann cósta Atlantach Thuaidh na hEorpa chun cinn mar cheann scríbe céad rogha le haghaidh tumadóirí agus éiceathurasóirí.</p>

Córais Faisnéise

Déanann bonneagar Teicneolaíochta Faisnéise Chomhairle Contae Dhún na nGall freastal ar 106 áit ar fud na tíre agus is ceann de na gréasáin Údaráis Áitiúla is mó in Éirinn é.

Cuimsítear sa bhonneagar sin:

- 92 Seirbheálaí
- 1,196 Ríomhaire Deisce & Glúine
- 434 Printéir/Scanóir/Breacaire
- 29 Gléas Bainistíochta Priontála Ilfheidhmeach
- 17 Córais Teileafóin PABX
- 910 Sás Láimhe Teileafóin
- 123 Taibléid

Déantar bainistiú ar réimse leathan córais tacaíochta gnó na Comhairle freisin ar bhonn laethúil.

Tugann Plean Corparáideach na Comhairle 2015-2019 comhthéacs luachmhar áitiúil do Phleanáil Oibríochta Córas Faisnéise atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt dá cuspóirí agus dá tosaíochtaí straitéise. I measc feidhmiúchán córais nua tá córas bainistíochta sócmhainn réadmhaoine, córas léarscáil-bhunaithe um foláirimh agus faisnéis, chomh maith le córais feabhsaithe Faisnéise Geagrafaí agus córais bainistíochta sonraí spásúlachta.

Cuireadh tús le mór-uasghrádú ardán bogearraí corparáideacha na Comhairle le bunú tionóntachta Microsoft o365. Leanfar leis an tionscadal seo in 2019 agus ina dhiaidh sin agus cuirfidh sé tacar nua-aimseartha córais bogearraí agus uirlisí chun cabhrú le ó thaobh obair a sheachadadh agus éifeachtúlacht a mhéadú.

Leanadh de bheith rannpháirteach, tríd an ngréasán ERNACT (www.ernact.eu) i gcomhar tionscadail de chuid AE. Seoladh an tionscadal EMERGREEN i Leitir Ceanainn i m Dheireadh Fómhair agus béim ann ar thabhairt isteach teicneolaíochtaí éiritheacha chun tacú le pobail tuaithe ata glas agus inbhuanaithe.

Donegal Digital

Rinneadh tuilleadh forbartha ar an Tionscadal Donegal Digital agus tá sé mar spreagadh ag réimse gníomhaíochtaí forbartha fostaíochta



atá á gcuidiú ag Teicneolaíochtaí Digiteacha. Thug Fiontraíocht Éireann, IDA, Údarás na Gaeltachta, Fáilte Ireland, ERNACT, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Pramerica Systems Ireland, tacaíocht don tionscnamh tras-ghníomhaireachta seo a ndéanann Ceann Chóras Faisnéise Chomhairle Contae Dhún na nGall comhordú air.

D'éirigh leis an Chomhairle maoin a fháil nuair a cuireadh iarratas maoiniúcháin isteach chuig Fiontraíocht Éireann le haghaidh fhorbairt Moil Nuálaíochta Digití ar shuíomh na sean-Oifigí Comhairle



Baile i mBun Cranncha. Soláthróidh an tionscadal €1.5m seo raon nuálaíochta, aistriú teicneolaíochta agus seirbhísí tacaíochta fiontraíochta digití ar fáil do ghnólachtaí nua-thionscanta féideartha agus do ghnólachtaí atá sa cheantar roimhe seo. Cuirfidh an Mol Fiontraíochta leis an gcruith fostaíochta trí bhorradh a chur faoin méid oideachais agus oiliúna san fhiontraíocht dhigiteach atá ann, agus trí chóiríocht oifige a chur ar fáil d'fhiontracha beaga digiteacha agus d'eagraíochtaí ilnáisiúntachta chomh maith. Ceapadh ailtirí chun dearadh mionsonraithe den fhoirgneamh a chur i gcrích agus leis sin, cuirfear tús leis an obair tógála in 2019.

Leanann Rannóg na gCóras Faisnéise d'obair a dhéanamh le Rann Rialtais agus Cuideachtaí Teileachumarsáide chun cabhrú le leathadh amach banda leathan ard-luas fud fad Dhún na nGall. Leanadh le leathadh amach leathanbhanda ardluais (cábla snáthoptaice go háitreach) go tréan fud fad an chontae de thoradh an clár snáithín tuaithe OpenEir agus an tionscadal SIRO i Leitir Ceanainn.

Ar aon dul le beartas rialtais, rinneadh Oifigeach Forbartha Banda Leathan a cheapadh agus tacaíocht don Phlean Banda Leathan a bheith leatha amach go réidh ina chuspóir aige, chomh maith le soláthar na gnéithe de Phlean Gníomhaíochta Uimhriúil na Comhairle a bhaineann leis.

D'éirigh le Rannóg na gCóras Faisnéise maoiniú a fháil ón gClár Nuálaíochta Digití de chuid na Roinne Gnóthaí Tuaithe agus Pobail chun dul i ngleic le droch-cheantar i nDún na nGall Theas le haghaidh guthán póca, chomh maith le gréasán trialach IoT a bhunú sa chontae.

D'éirigh le Rannóg na gCóras Faisnéise uasmhéid 4 dearbhán a fháil le haghaidh Chontae Dhún na nGall faoi scéim WiFi4EU de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Leis an maoiniú seo, soláthrófar WiFi poiblí go forleathan ar fud Dhún na nGall.


An Oifig Cumarsáide

Lean an Oifig Cumarsáide de sheirbhísí, tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí na Comhairle a phoibliú go réamhghníomhach, agus í ag bainistiú láithreachta na Comhairle ar líne lena n-áirítear an suíomh gréasáin agus na suímh mheán sóisialta, ag tabhairt seirbhís fiosrúcháin maidir leis na meáin agus ag cur thráchteaireacht Oifigiúil Chomhairle Chontae Dhún na nGall amach chuig na meáin.

Na Meáin Shóisialta


Leanadh le forás láithreachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ar na meáin shóisialta, rud is léir ón méadú 3,964 a tháinig ar an líon 'is maith liom' ar leathanach Facebook Chomhairle Contae Dhún na nGall go 19,472 in 2018 agus tháinig borradh 30% ar fhigiúr 2017 ar an gclúdach atá ag an leathanach sin go breis agus 5 mhilliún. Tháinig méadú ar líon na n-úsáideoirí gníomhacha go 326,913, sin méadú 13% ón mbliain seo caite.

Príomhtháscairí feidhmíochta maidir le leathanach Facebook na Comhairle:

	2016	2017	2018
An líon 'Is Maith Liom'	10,214	15,508	19,472
'Is Maith Liom' Nua	4,007	5,787	4,522
Úsáideoirí Gníomhacha	128,205	290,186	326,913
Cumhdach lomlán	1,869,133	4,029,243	5,225,572

Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall 1,696 tuit a phostáil in 2018 agus tháinig méadú 1,311 go 8,300 ar lucht leanúna Twitter ar a cuntas @DonegalCouncil. Léirítear méadú 21% ar líon 2017 leis na 2,034,217 impreisin Twitter agus tharla 49,221 cuairt próifíle.

Is iad seo a leanas na príomhtháscairí feidhmíochta maidir le cuntas Twitter na Comhairle:

	2016	2017	2018	% Change
Lucht Leanúna	5,663	6,955	8300	19
Tvúiteanna Postáilte	1,588	1,585	1696	7
Imprisin	1,231,700	1,678,400	2,034,217	21
Cuairteanna próifíle	40,834	54,697	49,221	-10
Tráchtanna	2,313	4,058	6,771	67
Lucht Leanúna nua	1,115	1,292	1311	1

Suíomh Gréasáin

Lean líon na n-úsáideoirí ag méadú le 286,318 úsáideoir in 2018, méadú 15,739. Tháinig méadú ar líon na seisiún freisin ó 426,766 in 2017 go 459,343 agus méadaíodh líon na leathanach a bhféachadh orthu go 1,129,342.

Caidreamh leis na Meáin

Leanann an Oifig Cumarsáide ag leanúint de bheith ag obair go dlúth leis na meáin áitiúla chlóite, chraolta agus ar líne chun teachtaireachtaí tábhachtacha ón gComhairle a chur in iúl don phobal.

Eisíodh 396 preaseisiúint agus fholáireamh nuachta agus phléadh le tuairim is 550 cheist ó na meáin áitiúla agus náisiúnta. Rinne an oifig bainistíocht ar roinnt pacáistí in éineacht le meáin áitiúla a úsáideann roinnt seirbhísí de chuid na Comhairle.



Stáisiún Dóteáin Ghaoth Dobhar

Cosaint Shibhialta

Tá an eagraíocht dheonach, Cosaint Shibhialta Dhún na nGall, ag leanúint de bheith ag tabhairt tacaíocht do Ghníomhaireachtaí Bunfhreagairt, chomh maith le cúnamh a thabhairt, nuair is féidir, do na pobail áitiúla nuair a bhíonn imeachtaí Neamhéigeandála ann.

91 oibrí dheonacha (37 mbean, 54 bhfear) a chuir an tseirbhís oibríochta ar fáil ba é an tOifigeach Cosanta Sibhialta a rinne an tseirbhís sin a bhainistiú.

Leantar ar aghaidh ag cur oiliúint ar fáil gach seachtain i gceathair ionad ar fud na tíre:

- Ceanncheathrú Chosaint Shibhialta, Srath an Urláir
- Stáisiún Dóiteáin Cúnta Charn Domhnach
- Stáisiún Dóiteáin Dhún na nGall
- Halla an Fhéir, Carraig Airt.

Oiliúint

Chun a ullmhacht oibríochta a choinneáil, lean Cosaint Sibhialta lena gcláir oiliúna a fhorbairt agus a chur ar fáil i réimsí éagsúla:

- 25 ball a rinne oiliúint um Chéad Fhreagróirí Cairdiac agus Dífhibrilleoir.
- 6 ball a chuaigh ar aghaidh ó Fhreagróirí Garchabhrach go leibhéal an Chéadfhreagróra Éigeandála faoin gClár Cúraim Éigeandála Réamh-Opidéil.
- Rinne 8 deonach an oiliúint um Dhuine ar Iarraidh a Chuardach go leibhéal an oibritheora.

- Rinne 36 deonach an oiliúint um Chéadfhreagróir Bhánuisce agus Tuile agus cuireadh tús le hoiliúint um Inniúlachta Seiceáid Tarrthála
- Rinne 16 Comhraiceoir Dóiteáin Cúnta oiliúint faoi chlár na Comhairle Seirbhísí Dóiteáin.
- Rinneadh oiliúint um Monatóireacht Radaíochta i gcomhar leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
- Chuir 22 tiománaí an oiliúint um Thiomáint i nDrochdhálaí Aimsire agus Tiomáint Easbhóthair, Oibritheoir Leibhéal 1 agus chuir 7 tiománaí an oiliúint Lantra um Thiománaithe Easbhóthair, Leibhéal 11 i gcrích.
- Cuireadh oiliúint Ag Obair le Héilecaptair le Garda Cósta na hÉireann i gcrích ag 16 deonach thar 3 dheireadh seachtaine sna Dúnaibh, in Iorras agus sna Cealla Beaga agus cuireadh deireadh leis le có-fheidhmiú ar an 1 Meán Fómhair i bPáirc Mac Cumhaill i mBealach Féich.
- Ghlac 46 deonach páirt sa lá Oiliúna na Seirbhísí ag Teach Solais Fhánada, Dé Sathairn an 26 Bealtaine.
- Glacadh páirt in oiliúint na Roinne Talmhaíochta maidir leis an bhFlíú Éanúil a chosc agus a rialú.

Chuir 4 theagascóir Chosaint Sibhialta Dhún na nGall oiliúint um Chéad Fhreagróirí Cairdiac agus Dífhibrilleoir ar 35 dalta Idirbhliana ó Choláiste na Maoile Rua mar chuid de thionscadal píolótach agus cuireadh oiliúint Fhreagróirí Garchabhrach ar 49 ball foirne de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall.



Aonad na Ladrann

Úsáideadh cumais Aonad na Ladrann agus tugadh a chabhair sna cásanna seo a leanas:

- An Garda Síochána agus iad i mbun duine ar iarraidh a chuardach sa Tulachán agus i mBun Dobhráin.
- Rannóg an Chomhshaoil, Comhairle Contae Dhún na nGall agus iad i mbun suirbhéireacht a dhéanamh ar aibhneacha faoi thuile díreach i ndiaidh Thuile Inis Eoghain 3 uaire ar leith.

Chun an t-aonad a neartú, d'fhreastail 6 oibritheoir Uimhir 2 ar an Scoil Talún in Ionad an Fhionnuisce agus ghlac siad páirt in oiliúint chun tacaíocht a thabhairt do phíolótaí le linn oibríochtaí eitilte.

Lá Oiliúna Sheirbhís Dóiteáin Cúnta Réigiúnach Idirchontae an Tuaiscirt

Rinne Ceanncheathrú Chosaint Sibhialta Dhún na nGall i Srath an Urláir an chéad Lá Oiliúna Sheirbhís Dóiteáin Cúnta Réigiúnach Idirchontae an Tuaiscirt a óstáil Dé Sathairn, an 24 Samhain. Ghlac Seirbhís Dóiteáin Cúnta Réigiún an Tuaiscirt, a chuimsíonn Contae an Chabháin, Contae Dhún na nGall agus Contae Mhuineacháin, páirt sa Lá Oiliúna seo agus rinne 36 deonach an oiliúint, rud a chuir leis an bhfeasacht agus tuiscint ar ról na Seirbhíse Dóiteáin Cúnta laistigh den eagraíocht Cosanta Sibhialta agus den Údarás Áitiúil.

Cúnamh Pobail

Thug an eagraíocht Cosanta Sibhialta 4018 daonuaire deonach ag breis agus 40 imeachtaí Neamh-Éigeandála, trí chumhdach leighis a thabhairt agus dualgas sábháilteachta uisce a dhéanamh ag a leithéid agus Féilte Pobail, Imeachtaí Spóirt, imeachtaí Darkness into Light agus an Rothaíocht Uile Éirinn i gcoinne an Fhéinmharaithe.

Tacaíocht do na Gníomhaireachtaí Príomhfhreagartha

Chabhraigh Cosaint Sibhialta Dhún na nGall:

- le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 8 n-uaire ar leith agus iad i mbun Aistrithe Othair
- leis an nGarda Síochána le linn 2 chuardach ar dhaoine ar iarraidh i gceantar Bhun Dobhráin agus i gceantar Laghey.

Cuairt an Phápa

Dé Sathairn an 25 Lúnasa, thaistil 24 ball de Chosaint Sibhialta Dhún na nGall go Cnoc Mhuire i gContae Mhaigh Eil chun dualgas thar oíche a dhéanamh le linn Chuairt an Phápa. I measc na ndualgas, chabhraigh siad leis an nGarda Síochána le cúrsaí Bainistíochta Tráchtá agus Slándáil Láithreáin chomh maith le hobair a dhéanamh i gcomhar le hOrd Mhála chun cúnamh leighis a chur ar dhaoine le linn na himeachta.

Dualgais Thar Lear:

Rinne an tOifigeach Cosanta Sibhialta agus 12 deonach ionadaíocht ar Chosaint Sibhialta Dhún na nGall ag an Oilithreach Mhíleata go Lourdes agus ba é sin an chead uair riamh a d'fhreastail baill Chosaint Sibhialta Dhún na nGall ar an imeacht seo. Le linn na hoilireachta, chuir an lucht Cosanta Sibhialta cúram leighis ar dhaoine breoite agus daoine a bhí ag fáil bháis, agus ghlac siad páirt freisin san Aifreann agus sa searmanas fleascleagain do na hÉireannaigh, an tAifreann Idirnáisiúnta ag an bhFochla, Mórshuíl na gCoinnle agus Beannú na nEaslán. Ghlac 30 Náisiún páirt in oilithreach 2018, lena n-áirítear 14,000 pearsanra míleata, lucht Cosanta Sibhialta san áireamh.

Forbairt

Ceannaíodh Bogearraí Léarscáilithe agus Rianaithe - MAPYX chun cabhrú le cuardaigh ar dhaoine ar iarraidh agus tógadh Foirgneamh Stórála Feithicle breise le haghaidh Feithiclí Cosanta Sibhialta le cabhair deontais €22,000 ón Roinn Cosanta. Chuir an Roinn Cosanta maoiniú ar fáil freisin le haghaidh feithicle Criúchabán 4x4.

Seirbhís Dóiteáin

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall, arb í Údarás Dóiteáin an chontae, ag leanúint de bheith ag comhlíonadh a feidhmeanna oibríochta agus sábháilteachta dóiteáin. 15 Bhriogáid Dóiteáin Choimeáda, aonaid dheonacha ar oileán Árann Mhóir agus ar oileán Thoraí, a thugann an tseirbhís oibríochta chomh maith le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann, a thugann an tseirbhís oibríochta do shainchodanna den chontae, go príomha i gceantar Cheann an Droichid agus Leifir. Tugann Comhairle Contae Dhún na nGall an tseirbhís oibríochta do chodanna de chontae Liatroma agus Shligigh.

Eachtraí

De réir na sonraí sealadacha maidir leis na heachtraí, arna gcur ar fáil ag Ionad Cumarsáide Réigiúnaí an Iarthar de chuid na Seirbhíse Dóiteáin atá lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, tharla 899 eachtra sa chontae in 2018 ina raibh freagairt na Briogáide Dóiteáin de dhíth orthu.

Chlúdaigh na heachtraí seo réimse iomlán gníomhaíochtaí lena n-áirítear tinte, timpistí bóthair, tuilte agus sainseirbhísí eile. San iomlán, cuireadh fios ar bhriogáidí Dhún na nGall 1,066 uair lena n-áirítear eachtraí inar imigh siad amach i gcontae Fhear Manach, Liatroma agus Shligigh.

Cosc Dóiteáin

Fuarthas 174 iarratas ar Theastais Sábháilteachta Dóiteáin, rud a léiríonn méadú 7.4% i gcomparáid le 2017. Bhí méadú 22.9% in 2017 ar an líon a fuarthas in 2016.

Rinneadh 226 cigireacht faoin gclár bliantúil ceadúnaithe agus tugadh comhairle ar 301 iarratas ar Phleanáil a rinneadh ar an Údarás Pleanála.

Leanadh ar aghaidh leis an gClár na mBunscoileanna a chuimsíonn cuir i láthair a thabhairt do dhaltáí Rang 3 maidir le sábháilteacht dóiteáin sa teaghlach.

Lean an tSeirbhís Dóiteáin leis an gClár Pobail um Sábháilteacht Dóiteáin a chur ar fail do theaghlaigh ar na hoileáin áirithe ar chósta Dhún na nGall agus cuimsítear ann brathadóirí aonocsaíde charbóin, múchtóirí tine agus pluideanna dóiteáin a chur ar fáil, chomh maith le hoiliúint maidir le pluideanna dóiteáin agus múchtóirí tine a úsáid. Cuireadh Brathadóirí Dóiteáin ar fáil roimhe sin. Cuirtear comhairle sábháilteachta tine ar fáil freisin.

Pleanáil Mhóréigeandála

Leanann Comhairle Contae Dhún na nGall de bheith rannpháirteach, mar aon leis na Príomh-Ghníomhaíochtaí Freagartha eile, Gníomhaireachtaí Reachtúla agus Deonacha freisin, sna gníomhaíochtaí pleanála agus traenála a eagraíonn Grúpa Oibre an Iarthuaiscirt um Bainistíocht Móréigeandála.

Reáchtáil na Príomh-Ghníomhaíochtaí Freagartha i Réigiún an Iarthuaiscirt Cleachtadh Mór-Éigeandála i Leitir Ceanainn ar an 27 Meán Fómhair 2018. Ba é an tSeirbhís Dóiteáin a d'eagraigh an



Cleachtadh seo, ar chleachtadh den stíl bharrbhoird é, agus a rinne mór-eachtra tuile sna bailte nasctha Baile Féich agus Srath an Urláir a ionshamhlú. D'fhreastail 108 rannpháirtí ar an imeacht seo ó eagraíochtaí éagsúla, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Chontae Liatroma agus Comhairle Contae Shligigh
- An Garda Síochána
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Na Fórsaí Cosanta
- Garda Cóstá na hÉireann
- Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann
- Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann
- Bonneagar Thuaisceart Éireann
- Comhairle Ceantar Chathair Dhoire agus an tSraitha Báin

Ba é aidhm ghinearálta an chleachtaidh seo forbairt a dhéanamh ar an gcomhoibriú agus ar na socruithe comhordaithe atá ann cheana féin idir na Príomh-Ghníomhaireachtaí Freagartha agus a ngníomhaireachtaí comhpháirtithe, is iad sin na Fórsaí Cosanta, Garda Cóstá na hÉireann, Cosaint Shíbhialta agus Cros Dhearg na hÉireann, nuair ata siad i mbun freagartha ar mhór-éigeandáil a thagann as teagmhas aimsire crua.

Oiliúint

Reáchtáil an tSeirbhís Dóiteáin 21 cúrsa oiliúna nó fuarthas soláthraithe seachtracha chun é a dhéanamh, lena n-áirítear an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandáil a chuireann cúrsaí seirbhíse dóiteáin ar fail ag an leibhéal náisiúnta.

Cuirtear cúrsaí oiliúna ar fáil do phearsanra Seirbhíse Dóiteáin maidir lena ról agus a bhfeidhmeanna laistigh den tseirbhís. Is cúrsaí timthriallach iad cuid de na cúrsaí agus baineann fad éagsúla leo ó lá amháin go 15 lá.

Bhí dhá dhruil trí uair an chloig an ceann sa mhí ag gach uile bhriogáid. Bhí na druileanna idir lonnaithe an seomra léachta agus dírithe ar ghníomhaíocht chomh maith, agus cumhdaíodh raon fairsing ghníomhartha oiliúna iontu a thug, i gcomhar leis an oiliúint eile, na scileanna riachtanacha chun feidhmeanna oibríochta reachtúla a chur ar fáil.

Airgeadas

Buaicphointí 2018

Bailíodh breis is

€2.4m

faoin Muirear Áit
Chónaithe Phríobháideach
Neamhphríomha.



Deonaíodh

17 ✓

iasacht faoin Tionscnamh
lasachta Baile de chuid
Atógáil Éireann



Eisíodh thart ar

5,500

bille um Rátaí Tráchtála arbh fhiú

€33.4m

iad do ghnólachtaí i gContae Dhún na nGall.



135,000

idirbheart aonair arbh fhiú

€170m iad

€12.1m

de chíosanna bailithe ó
bhreis is 5,300 tionónta
de chuid na Comhairle



300 mionchomórtas agus luachan ar an tairseach 'SupplyGov' ; 95 tairiscint ar Ríomh-Tairisceana;
5 Tairiscint in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Íocaíochtaí próiseáilte arbh fhiú breis agus €56m iad le haghaidh breis agus 1,900 ball foirne,
idir baill foirne reatha agus iarbhaill foirne.

Bhain 1,846 gnólacht leas as an Scéim Deontais do Ghnóthais Bheaga, a chosnaigh €430,000 san iomlán.

An Rannóg na gCuntas Bainistíochta

Tá an Rannóg na gCuntas Bainistíochta freagrach go príomha as an mBuiséad Ioncaim Bliantúil agus an Buiséad Caipitil 3 bliana a ullmhú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú.

Ghlac na Comhaltaí Tofa le Buiséad Ioncaim 2018 ar an 1 Nollaig 2017 de réir an Achta um Rialtas Áitiúil 2001 (arna leasú) agus taobh istigh den tréimhse atá leagtha síos ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Ullmhaíodh Buiséad Caipitil 2018 - 2020 de réir an Achta um Rialtas Áitiúil 2001 (arna leasú) agus bhreithnigh na Comhaltaí Tofa é ag an Chruinniú Comhairle ar an 27 Samhain 2017.

Tá Rannóg na gCuntas Bainistíochta freagrach freisin as Tuairisceán Airgeadais ráithiúil AE/IMF a ullmhú agus a chur isteach chomh maith le tuairisceán reachtúla eile ar bhonn rialta. Rinne Rannóg na gCuntas Bainistíochta aighneach Chomhairle tae Dhún na nGall faoin gCód Caiteachais Phoiblí a chomhordú, Cuireadh i gcrích é faoin spriocdháta 31 Bealtaine 2018 agus foilsíodh ar líne í.

I measc rudaí eile, bainistíonn Rannóg na gCuntas Bainistíochta Leabhar Árachais na Comhairle, a leabhar airleacan, a feidhm insealbhuithe, aisghabháil costas faoi théarmaí an Chomhaontaithe Leibhéil Seirbhíse le hUisce Éireann agus na nithe buiséadta ó lá go lá a bhaineann leis an eagraíocht ar fad.

Buiséad Ioncam Bliantúil 2018	€148,795,554
Buiséad Caipitil 3 Bliana 2018 – 2020	€298,005,952

Soláthar

Cuireann Rannóg an tSoláthair oiliúint agus treoir ar fáil do bhaill foirne a bhíonn baint acu le soláthar poiblí. Tá ról lárnach ag Rannóg an tSoláthair maidir le réitigh soláthair a fhorbairt a thacaíonn le

cuspóirí Dhún na nGall ó thaobh luach ar airgid de i gcás na n-earraí agus seirbhísí a cheannaíonn sí.

D'fhógair Comhairle Contae Dhún na nGall breis agus 300 mionchomórtas agus luachan ar an tairseach 'SupplyGov' in 2018, maidir le seirbhísí amhail Gléasra ar Cíos agus Mion-Oibreacha Tógála. Fógraíodh 95 tairiscint ar ríomh-Tenders (ann ardán tairisceana leictreonach arna riar ag an Oifig um Sholáthar Rialtais), agus rinneadh 5 tairiscint a fhógairt in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

I measc na réimsí suntasacha in 2018, bhí:

- Tionscnamh an oiliúna inmheánaí agus an oiliúna seachtraí a chumhdaíonn Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitil, ríomhthairiscintí, Luachana Tapa, SupplyGov agus soláthar poiblí ginearálta.
- Foilsíodh treoir ar www.donegalcoco.ie chun cabhrú le GBManna ó thaobh soláthair poiblí de (i gcomhréir le beartas an rialtais maidir le rannpháirteachas GBManna a chur chun cinn agus a spreagadh).
- Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí Chomhairle Contae Dhún na nGall a choinneáil chun a chinntiú go bhfuil acmhainn beartais agus nósanna imeachta suas chun dáta ar fáil do bhaill foirne uile ar bhonn comhsheasmhach ar fud na heagraíochta.
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe ráithiúla Choiste Luach ar Airgead na Comhairle. Bunaíodh an Coiste chun éifeachtúlacítá a spreagadh agus coigiltis a uasmhéadú, nuair is féidir ar fud oibríochtaí uile na Comhairle.
- An clár oibre ríomhsholáthair a chur ar aghaidh chun é a ailíniú le straitéis ríomhthráchtála an Rialtais, atá leagtha amach chun costais a laghdú le haghaidh ceannaithe agus soláthraithe araon.



An Rannóg Cuntasaíochta Airgeadais

An Rannóg Párolla

Tá an Rannóg Párolla freagrach breis agus 1,900 ball foirne, idir baill foirne reatha agus iarbhaill foirne a íoc. Ba íocaíocht chomhlán dar suim breis agus €56 milliún í seo in 2018, leis na hasbhaintí uile a ghabhann léi san áireamh, idir reachtúil agus dheonach.

Bhí an Rannóg Párolla freagrach as an bpróiseas Nuachóirithe Párolla don eagraíocht a ullmhú agus a bhainistiú. Is éard atá i gceist le Nuachóiriú an Chórais ÍMAT ná an nuachóiriú is suntasaí ar an gcóras sin ó tugadh isteach é in 1960. Ón 1 Eanáir 2019, tá sé de dhualgas ar fhostóirí pá agus asbhaintí a bhfostóirí a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim, i bhfíor-am, agus iad á n-íoc.

Leanann foireann Párolla Chomhairle Contae Dhún na nGall de bheith ag obair i gcomhar le seirbhísí comhroinnte 'MyPay' chun próisis párolla leanúnacha a bhainistiú, chomh maith le déileáil le saincheisteanna náisiúnta is coiteann ar fud na hearnála.

Cuntais Iníochta

Tá Rannóg na gCuntas Iníochta freagrach as íocaíochtaí breis agus €170m sa bhliain a phróiseáil, rud is ionann agus breis is 135,000 idirbheart. Déanann an rannóg seo na cánacha indíreacha uile, CBL, Cáin um Shealbhú In-Phobail, Cáin Conarthaí Bainteacha, Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla agus Cáin Ioncaim a bhainistiú freisin, chomh maith leis na riachtanais bhainteacha rialála agus chomhaill go léir.

Lárionad Péireála Sonrasc & Próiseáil Bileoga Ama Bunaíodh Lárfoireann Péireála Sonrasc in 2017. Ó shin i leith, cuireadh traenála cánach ar leith inar cumhdaíodh comhlíonadh cánach agus córas bainistíochta airgeadais na Comhairle (Agresso).

Rinneadh an fheidhm Phróiseála Bileoga Ama a chónascadh leis an Lárfoireann Péireála Sonrasc le linn 2018. Cuireadh oiliúint maidir le Cáin Breis Luacha, Cáin Chonarthaí Iomchuí, Cain ar Sheirbhísí Gairmiúla, srl. ar an bhfoireann Próiseála Bileoga Ama maidir leis an gcóras Agresso a fheidhmiú. Tá baill na foirne Péireála Sonrasc inniúil ó thaobh tascanna/dualgas Próiseála Ama a dhéanamh agus vice-versa, d'fhonn teacht aniar breise a chur ar fáil le linn tréimhse gnóthacha. Ar an drochuair, bhí gá le cleachtadh ath-inealltóireachta próisis gnó maidir le iontráil bileoga ama a chur ar ceal go dtí 2019, de bharr constaicí cumraíochta agus acmhainní.

Cuntasaíocht Airgeadais agus Foireann Thionscadal Milestone-4 Tá príomhfhreagracht ag an Rannóg Cuntasaíochta Airgeadais as na rudaí seo a leanas:

- Na Ráitis Airgeadais Bliantúla a chur ar fáil
- An próiseas iniúchta bliantúil a bhainistiú
- Tuairisciú maidir le hlarmhéideanna Ginearálta Rialtais agus tuairisceáin ráithiúla roinne a dhéanamh
- Tuairisceáin chánacha (s891b)
- Comhlíonadh cánach
- Treoir airgeadais/córais a chur ar fáil do rannóga eile de chuid na Comhairle



Lána na hArdeaglaise, Leitir Ceannainn

- Cothabháil córais (uasghrádú teicniúil)
- Athruithe cuntasaíochta (nósanna imeachta a thabhairt isteach mar fhreagairt ar athruithe cuntasaíochta)
- Comhairle a chur ar fáil do rannóga eile maidir le ceanglais airgeadais/córais maidir le córais nua TF (e.g. Ceadúnú Madraí, íocaíochtaí ar líne, srl)

Leanann Foireann Tionscadal Milestone-4 de réimse leathan tacaíochtaí a chur ar fáil do sheirbhísí eile de chuid na Comhairle maidir leis an gcóras bainistíochta airgeadais (Agresso) a fheidhmiú. Tá ról lárnach ag foireann MS-4 maidir le córas nua a fhorbairt a thacóidh le haighneachtaí a dhéanann údarais áitiúla ar Chlár Rialaithe Creidmheasa an Bhainc Ceannais. Leanfar ar aghaidh leis an obair chur chun feidhme/forbartha in 2019.

Bainistíocht Bainc & Státchiste

Déanann an Rannóg Bainistíochta Airgeadais cuntais agus infheistíochtaí bainc na Comhairle a bhainistiú, d'fhonn acmhainní airgeadais leordhóthanacha a chinntiú faoi choinne gníomhaíochtaí na Comhairle. Le linn na bliana, rinneadh athbhreithniú ar na roghanna infheistíochta agus de thoradh ar seo d'éirigh linn an ráta úis ab airde a choimeád ag an am céanna is a bhfuilimid ag déanamh slán de go bhfuil maoin na Comhairle cosanta, ag tabhairt aird don Treoir maidir le Réiteach agus Athshlánú Banc.

Aonad Bailithe Ioncaim



Rátaí Tráchtála

In 2018, eisíodh thart ar 5,500 bille um Rátaí Tráchtála arbh fhiú €33.4m iad do ghnólachtaí i gContae Dhún na nGall. Bailíodh €26.6m ar an iomlán i leith Rátaí Tráchtála, méadú €2m ar an mbliain roimhe sin. Díscríobhadh €6.0m mar airgead nach inbhainte é. Baineann €4.3m den tsuim sin le réadmhaoin a bhí folamh nó ar fáil ar léas.

Glacann an Chomhairle cur chuige an-réamhghníomhach maidir le teagmháil a dhéanamh le custaiméirí Rátaí Tráchtála. Roghnaíonn go leor custaiméirí pleananna íocaíochta míosúla a ligeann dóibh a bhfiachas a íoc ar bhonn cothrom i rith na bliana airgeadais. Is féidir le custaiméirí atá i riaráistí leas a bhaint as rogha pleananna íocaíochta a éascóidh chun a bhfiachas foriomlán a laghdú thar tréimhse sínithe comhaontaithe. Nuair is gá, déanann an Chomhairle caingean dlí a thionscnamh chun fiachais nach bhfuil íoctha a aisghabháil.

Deontas na nGnóthas Beag

Tugadh isteach Deontas na nGnóthas Beag don chéad uair in 2015. Tugann an scéim seo deis do chustaiméirí a íocann a rátaí go hiomlán faoin 31 Deireadh Fómhair leas a bhaint as deontas 7.5%, faoi réir deontas uasta €375. Bhain 1,846 custaiméir leas as Deontas na nGnóthas Beag, rud a chosain an Chomhairle thart ar €430,000.

Cíosanna Tithíochta

Bailíodh €12.1m ó bhreis agus 5,300 tionónta Comhairle in 2018. Is ionann sin agus feidhmíocht bailiúcháin 89%.

Iasachtaí Tithíochta

Bailítear beagnach €2m gach bliain ó 544 iasachtaithe atá ag aisíoc iasachtaí ón gComhairle. Tugtar roinnt mhaith roghanna do na

hiasachtaithe siúd a bhfuil fadhbanna airgeadais agus fadhbanna a gcuid n-aisíocaíochtaí a dhéanamh go leanúnach acu agus chuige sin, tá an tSeirbhís Réitigh Riaráistí Morgáiste mar threoir ag an gComhairle.

Leanann an Chomhairle d'úinéireacht tí a thacú trí iasachtaí morgáiste a éascú le haghaidh tionóntaí ata ag ceannach tithe Comhairle agus iad siúd a fhéachann le tithe a cheannach ar an margadh oscailte. Is morgáiste nua faoi úrrú an Rialtais é an Iasacht Baile de chuid Éire a Atógáil, atá dírithe go sonrach ar cheannaitheoirí céadaire agus is féidir a úsáid chun teach nua nó teach athlaimhe a cheannach nó le haghaidh tí féintógála. Deonaíodh 17 iasacht da leithéid sin. Lean an Rogha Athstruchtúrú Úinéireacht Roinnte ar aghaidh, agus d'fhág sé sin go raibh cuid d'iasachtaithe in ann a gcuid iasachtaí úinéireachta roinnte a athstruchtúrú.

NPPR (ÁIT CÓNAITHE PHRÍOBHÁIDEACH NEAMHPHRÍOMHA)

Bailíodh breis is €2.4m in 2018 ó úinéirí maoine a bhí faoi dhliteanas riaráistí a íoc as an Muirear Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha. Cé gur tháinig deireadh leis an muirear sin in 2013, tá ceangal fós ann riaráistí agus pionóis a íoc sula n-íocfar nó sula n-aistreofar an teach. Is gá deimhniú urscaoilte nó deimhniú díolúine a fháil ionas gur féidir díol nó aistriú tí iomchuí a chur i gcrích. Agus líon na n-idirbheartaíochtaí a bhaineann le réadmhaoin ag méadú, is rannóg ghnóthach den Aonad Bailithe Ioncaim i gcónaí í an Rannóg NPPR agus tá méid suntasach ioncaim á bhailiú fós ón bhfoinse seo.

RÁITEAS AN CHUNTAIS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018 (Neamhiniúchta)

	Ollchaiteachas 2018 €	Ioncam 2018 €	Glanchaiteachas 2018 €
Tithíocht & Tógáil	18,425,963	19,436,103	(1,010,140)
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	58,133,163	41,541,285	16,591,878
Seirbhísí Uisce	17,797,901	17,258,443	539,458
Bainistíocht Forbartha	12,972,243	4,162,838	8,809,405
Seirbhísí Comhshaoil	12,603,432	1,601,666	11,001,766
Áineas & Fónais	8,105,727	771,175	7,334,552
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	2,231,947	763,485	1,468,462
Seirbhísí Ilghnéitheacha	22,470,614	17,085,920	5,384,694
Caiteachas/Ioncam Iomlán	152,740,990	102,620,915	
Glanchostas Rannán óna maoinítear Rátaí & Cáin Maoine Áitiúil			50,120,075
Rátaí			33,360,538
Cáin Maoine Áitiúil			25,119,850
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe			8,360,313
Aistrithe (chuig)/ón gCúlchiste			(7,793,792)
Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain			566,521
Cúlchiste Ginearálta @ an 1 Eanáir 2018			(8,953,104)
Cúlchiste Ginearálta @ an 1 Nollaig 2018			(8,386,583)

Note: These figures are inclusive of transfers to/ from reserves and Standard Rounding rules apply.

Note: These figures are inclusive of transfers to/ from reserves

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE)**31 Nollaig 2018 (neamh-iniúchta)**

	2018 €	2017 €
Sócmhainní seasta		
Oibríochtúil	745,401,746	728,582,040
Bonneagar	2,597,728,501	2,597,728,501
Pobal	6,920,415	6,744,538
Neamhoibríochtúil	55,734,953	55,734,953
	3,405,785,615	3,388,790,032
Obair idir Lámha agus Réamhspeansais	95,460,317	95,171,860
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	59,488,857	62,513,693
Sócmhainní Reatha		
Stoic	872,832	920,907
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	23,752,252	17,844,490
Infheistíochtaí Bainc	56,304,642	49,786,156
Airgead sa Bhanc	-	-
Airgead faoi Bhealach	277,203	477,089
	81,206,929	69,028,642
Dlíteanais reatha (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)		
Rótharraingt Bainc	437,333	1,037,618
Creidiúnaithe & Fabhruithe	43,442,220	37,257,766
Léasanna Airgeadais	-	-
	43,879,552	38,295,385
Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)	37,327,377	30,733,257
Creidiúnaithe (Méideanna dlite tar éis breis agus bliain amháin)		
Íasachtaí Iníoctha	107,278,482	115,216,897
Léasanna Airgeadais	-	-
Éarlaisí in-aisíoctha	6,897,090	6,606,978
Eile	1,802,101	220,979
	115,977,673	122,044,854
Glansócmhainní	3,482,084,494	3,455,163,988
Léirithe ag		
Cuntas Caipitlithe	3,405,785,615	3,388,790,032
Ioncam ó Obair idir Lámha (WIP)	94,700,658	95,565,359
Cúlchiste coinnithe ioncaim	-	-
Cúlchiste coinnithe ioncaim	(8,386,583)	(8,953,104)
Iarmhéideanna Eile	(10,015,197)	(20,238,300)
Cúlchistí Iomlána	3,482,084,494	3,455,163,988

Note: 2017 figures included reflect the final audited figure for that year.

Bóithre agus Iompar

Buaicphointí 2018

€200,000

faighte chun 6 dhroichead a athshlánú ar bhóithre réigiúnacha agus

€470,000

d'oibreacha neartaithe ar 18 ndroichead áitiúla.



16,000

TONNA DE SHALANN

faighte do Phlean Seirbhíse an Gheimhridh.

NORTH WEST GREENWAY

routes progressed to route selection and public consultation stage.

3,350

solas poiblí arna n-iarfheistiú le **LEDanna.**



12ú Seó bliantúil um Shábháilteacht ar Bhóithre

curtha ar siúl agus d'fhreastail thart ar

3,000

dalta meánscoile air

159 ciliméadar de bhóithre arna n-athdhromchlú trí 144 tionscadal ar leith.

107 Scéim Feabhsúcháin Áitiúil tógtha agus 15 chiliméadar de Scéimeanna Rannpháirtíochta an Phobail críochnaithe trí 26 tionscadal ar leith.

Leanadh le cóireáil a dhéanamh ar 250 fíniú speiceas aonair ionrach plandaí feadh ár mbóithre poiblí.

Scéim Ailínithe Bóthair an N56 ón gCúl Buí go Cill Mhíc Réanáin ('Na Bruacha Gorma') tosaithe.

€8 milliún arna infheistiú in athdhromchlú agus neartú ar 32 ciliméadar den ghréasán bóithre náisiúnta.

€47 milliún arna infheistiú i mBóithre Náisiúnta i nDún na nGall.

An Lár-Rannóg Seirbhísí Teicniúla

Tionscadail Chaipitil Droichead

Tugadh tógáil Dhroichead agus Bhóithre Chnoc an Choiligh chun críche i lár 2018 agus chuir sé go mór leis an ngréasán iompair in Inis Eoghain.

Rinneadh Droichead Thí Chonail i mBaile Dhún na nGall a chur chun cinn a fhad le céim an tsuímh agus bhí na hoibreacha faoi lánseol faoi dheireadh na bliana.



Oscailt Dhroichead Chnoc an Choiligh i mBun Cranncha

Droichid a chothabháil

Lean Foireann na nDroichead le príomhról a ghlacadh sa fhreagairt don díobháil ba chúis le tuile Inis Eoghain i Lúnasa 2017 agus rinne siad athsholáthar 8 struchtúr bhreise thite a dhearadh agus sholáthair siad cúnamh teicniúil leanúnach do lucht saothair díreach Chomhairle Contae Dhún na nGall i rith na tógála. Cuireadh tús le próisis dearaidh agus reachtúla do Dhroichead Meenamullaghan agus tá obair ar na bacáin don bhliain 2019.

Fuarthas Deontas Feabhsúcháin Shonraigh €200,000 d'Athshlánú Droichead ar Bhóithre Réigiúnacha agus tugadh faoi oibreacha ar 6 dhroichead. Anuas air sin, leithdháileadh €470,000 d'oibreacha neartaithe droichid agus caitheadh seo ar 18 ndroichead áitiúla, deisiúcháin 'guniting' / ghrútála, choíncreite ina measc, chomh maith le hathsholáthar iomlán nuair ba ghá.

Dearadh Bóithre

Rinneadh roinnt tionscadail dearaidh bóithre a chur chun cinn agus rinneadh Réamh-Bhreithmheas a chur faoi bhráid an RITS agus an RCPA don mhéid seo a leanas:

- Athailíniú Dhroichead agus Bhóthar Fhionntrá
- Droichid agus Bóthar Faoisimh Theas Leitir Ceanainn
- Córas Bainistíochta Tráchtá Leitir Ceanainn

Forbraíodh réamhdhearadh do bhóthar Ghleann Tóchair a leanfaidh ar aghaidh a fhad le céim na pleanála in 2019. Críochnaíodh an conradh oibreacha feabhsúcháin talún agus an mhonatóireacht ar an lonnaithe faoi thionscadal Bhóthar Joe Bonner. Rinneadh dearadh mionsonraithe a chríochnú chun tógáil an bhóthair agus na seirbhísí a éascú.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Chríochnaigh an Foireann um Shábháilteacht Dearaidh Bóithre an measúnú agus an dearadh ar go leor scéimeanna timpiste ísealchostais chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus rinneadh forbairt bhreise ar scéimeanna HD15 ar na Bóithre Náisiúnta, Tionscadal N15 Chora Corcam ina measc.

Fuair 8 scéim cistiú €297,000 faoi CLÁR agus críochnaíodh na hoibreacha go léir faoi dheireadh na bliana.

Scéim Sábháilteachta ag Bealach Féich

D'fhaomh an RITS €283,000 do gach ceann de na 12 scéim timpiste ísealchostais ar cuireadh isteach orthu agus críochnaíodh na hoibreacha faoi dheireadh na bliana.

Lean an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre le tacaíocht a sholáthar do Ghrúpa Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre Dhún na nGall (GOSBDG) agus d'eagraigh sé an 12ú Seó bliantúil um Shábháilteacht ar Bhóithre i nDeireadh Fómhair do thart ar 3,000 scoláire dara leibhéal.

Lean Cumann Peile Chláirseacha na Finne ag tacú le Sábháilteacht ar Bhóithre trí Chomórtas Ealaíne um Shábháilteacht ar Bhóithre na mBunscoileanna.

Lean Grúpa Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre Dhún na nGall lena chomhoibriú leis an nuachtán Donegal Daily, Mol Spóirt Dhún na nGall agus Coiste Sláinte agus Folláine CLG Dhún na nGall chun saincheisteanna um shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt chun solais agus chun feachtas ar shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt a chur chun cinn trasna an chontae.



Katelyn Nic a tSeachláinn Buaiteoir Chomórtas Ealaíne um Shábháilteacht ar Bhóithre

Bronnadh "Dámhachtainí um Shábháilteacht ar Bhóithre" ar Dhún na nGall i ngeall ar a thionscnamh 'Rothaíocht Shábháilte' trí Dhámhachtainí na Sármhaitheasa sa Ghnó de chuid Irisleabhar na hEanála Poiblí 2018. Seo an ceathrú bliain i ndiaidh a chéile a bhuaigh an Chomhairle an dámhachtain.

Glasbhealach an Iarthuaiscirt

Forbraíodh na trí Ghlasbhealach go léir trí na próisis Roghnaithe Bealaigh agus Chomhairliúcháin Phoiblí. Rinne pobail idirchaidreamh suntasach leis agus rinne Bealach 2 (Magh) agus Bealach 3 (Leifear) dul chun cinn maith agus tá faomhadh pleanála ar na bacáin go luath in 2019 agus leantar le pleananna le haghaidh Bhealach 1 a thabhairt chun críche.

Clós agus Stórais Innealra

Stórais Ghinearálta

Lean an fhoireann Stóras lena clár feabhsúcháin a chuir seirbhís chost-éifeachtúil ar fáil dá custaiméirí agus lean sé le húsáid a bhaint as na creat-chomhaontuithe náisiúnta chun réimse fairsing táirgí a sholáthar lena chinntiú go mbaineann an Chomhairle an luach ar airgead is fearr amach.

Rinne sé 6.5 milliún lítear de bhiotúman a sholáthar agus a sheachadadh chuig an suíomh a úsáidfeadh chun an gréasán bóithre a chothabháil.

Clós Innealra

Lean an Clós Innealra le flít feithiclí faoi úinéireacht agus fruilithe araon atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar d'fhoireann Bhóithre na Comhairle, an Fhoireann Seirbhísí Tithíochta agus d'Uisce Éireann, a rinne cothabháil, deisiú, agus oibriú leanúnach shócmhainní na Comhairle a éascú.

Gléasra Caipitiúil a Athsholáthar/a Athchóiriú

Ceannaíodh dhá 6 chaidéal 6 horlaí agus leantóir gaolmhar agus spraeire biotúmain amháin 8 roth.

Rinneadh an gléasra nua seo a leanas a chur chun tairisceana agus tá soláthar le déanamh in 2019 :

- 4 leatóir sáile 9cum agus 1 chéachta sneachta
- 4 leoraí 6 roth
- 1 leoraí 4 roth

Rinneadh dul chun cinn, chomh maith, ar thionscadal athchóirithe an Chlóis Innealra agus tosaíodh oibreacha chéim 1 ar an suíomh i Nollaig.

Salann a bhainistiú

Rinneadh 16,000 tonna de shalann a bhainistiú trí Chóras Bainistíochta Salainn BIÉ agus rinneadh é a thabhairt chuig na hiostaí timpeall an chontae le plean seirbhíse an gheimhridh a éascú.

Soilsiú Poiblí

Lean an conraitheoir cothabhála soilsiú phoiblí leis na huasghráduithe LED ar fud an chontae agus d'éirigh linn 3,350 de na 17,500 solas poiblí, ar an iomlán, a iarfeistiú le LEDanna. A luaithe a chríochnófar na nuashonruithe ar shoilsiú neamh-mhéadraithe poiblí (UMR), bainfeadh coigilt cumhachta 1,030,035 kwhr amach, arb ionann sin agus 45% de sprioc 2020 Comhairle Contae Dhún na nGall faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP).

Rinneadh tionscadal Seachbhóithre Náisiúnta an Iarthuaiscirt de chuid BIÉ chun 1,345 solas poiblí a uasghrádú san Iarthuaisceart, soilse ina measc ar Sheachbhóthar an N15 ó Bhun Dobhráin go Béal Átha Seanaidh agus N15 Sheachbhóthar Bhaile Dhún na nGall a chur chun tairisceana agus críochnaíodh na hoibreacha.

D'fhaomh BIÉ na 7 dtionscadal go léir ar cuireadh isteach orthu in 2018 ar luach iomlán €277,807 a ndearnadh 340 solas a uasghrádú ar an ngréasán náisiúnta i nDún na nGall go soilse LED dá bharr.

Céanna agus Cuanta

Caitheadh deontas €208,700 ón RTBM agus cistiú meaitseála €170,927 breise ón gComhairle ar chéanna agus cuanta an chontae a athchóiriú. Rinneadh 13 de na tionscadail ar cuireadh isteach orthu faoi chistiú bliantúil an RTBM a chur san áireamh chun comharthaíocht sábháilteachta a sholáthar iontu.



Oibreacha bóthair ar an N56 gar do Chill Mhic Réanáin

Bóithre an Cheantair Bhardasaigh

Chaith Roinn Bóithre an Cheantair Bhardasaigh thart ar €52 milliún a cheadaigh réimse fairsing oibre a chríochnú, an méid seo a leanas ina measc;

- Cothabháil ghinearálta ar ár ngréasán bóithre a shíneann ar feadh 6,446 ciliméadar agus ár bpáirceanna poiblí;
- Grean a leagan ar fhad 1,030 ciliméadar de bhóithre i rith mhíonna an gheimhridh;
- Obair dheisiúcháin ar shócmhainní bóthair a ndearnadh díobháil dóibh i rith na ndrochthuilte i Lúnasa 2017;
- Tógadh 107 Scéim Feabhsúcháin Áitiúil ar fud an chontae;
- Críochnaíodh fad 15 chiliméadar de Scéimeanna Rannpháirtíochta an Phobail trí 26 tionscadal ar leith;
- Neartaíodh fad 181 ciliméadar de bhóithre trí 220 tionscadal ar leith;
- Rinneadh fad 159 ciliméadar de bhóithre a athdhromchlú trí 144 tionscadal ar leith;
- Cuireadh oibreacha feabhsúcháin draenála ar siúl ag 75 láthair ar fud an chontae;
- 6 thionscadal bóthair ar leith ar ár n-oileáin amach ón gcósta;
- Rinneadh cóireáil leanúnach ar bhreis agus 250 fíniú speiceas aonair ionrach plandaí feadh ár mbóithre poiblí.



Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall



Ailíniú nua ar an N56 Cill Chainnigh go Leitir Oilí

Tugadh méadú eile bliain ar bhliain faoi deara in 2018 ar leibhéal ghníomhaíochta, ar an iomlán, sna Bóithre Náisiúnta a dhearadh agus a thógáil. Rinne BIÉ breis agus €47 milliún a infheistiú i mbóithre Náisiúnta i nDún na nGall i mbliana. Chuir Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall feabhsúcháin shubstainteacha ar fáil ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta tríd an gcistiú seo agus leanann sé le tionscadail bhreise shuntasacha a chur chun cinn.

Feabhsú Bhealach TEN-T Dhún na nGall

Is éard a bhaineann leis an bpríomhthionscadal seo ná infheistiocht mhór i dt trí stráice den Ghréasán Bóithre Náisiúnta / TEN-T. Is iad na trí stráice atá i gceist:

- An N15/N13 ó Bhealach Féich go Srath an Urláir Uirbeach
- An N56/N13/N14 ó Leitir Ceanainn go Mainéar Uí Chuinneagáin, an Débhealach, Bóthar Ceithre Lána i Leitir Ceanainn agus Bóthar Faoisimh Leitir Ceanainn ina measc.
- Scéim Athailínithe an N14 ó Mhainéar Uí Chuinneagáin go Leifear, an nasc san áireamh le Conair Iompair an Iarthair an A5 i dTuaisceart Éireann.

Tá na trí stráice seo a bhfuil tús áite á thabhairt dóibh á gcur chun cinn ag an tionscadal seo a airde le Próisis Reachtúla/Ordú Ceannaigh Éigeantaigh/Measúnú ar an Tionchar ar an Timpeallacht.

Ag eascairt as an gcomhairliúchán poiblí ar na Srianta ar an Tionscadal i Nollaig 2017, cuireadh gearrliosta de Roghanna Bealaigh faoi bhráid an Phobail in Aibreán agus Bealtaine 2018. Rinneadh anailís mhionsonraithe ar na roghanna bealaigh seo a bhí ar ghearrliosta agus cuirfear an Rogha Bealaigh is Dealraithe a Roghnófar i láthair i bhFeabhra 2019.

Scéim Bóthair LVNS an N56 ón gClochán Liath go dtí na Gleannta

Leanann scéim 29 ciliméadar an N56 ón gClochán Liath go dtí na Gleannta le dul chun cinn réidh a dhéanamh. Baineadh coraí suntasacha Mhín an Chairn agus Gaoth Beara sa dá thionscadal



Suiteáil lintéir nua ar an N56 An Cúl Búí go Cill Mhic Réanáin

dheireanacha. Bhí an chéad chéim eile ó Chill Chainnigh go Leitir Oilí á tógáil in 2018 agus cuirfear i gcrích í i Ráithe 3 2019.

Tosaíodh leis an dearadh don dá chéim dheireanacha den scéim seo, ar an iomlán, ón gClochán Liath go dtí an Chlochbhuaile agus ó Leitir Oilí go dtí na Gleannta / Kilraine agus tá súil leis go dtosófar leis an dá scéim seo a thógáil go déanach in 2019. Tá an tionscadal iomlán in ainm is a bheith críochnaithe faoin mbliain 2021. Ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, cuirfidh sé rochtain shuntasach fheabhsaithe áitiúil agus turasóirí ar fáil, chomh maith le glasbhealach/rotharbhealach ar leith dá fhad iomlán 29 ciliméadar.

Scéim Ailínithe Bóthair an N56 ón gCúl Búí go Cill Mhic Réanáin ('Na Bruacha Gorma')

Bainfear coraí 'na Bruacha Gorma', ar a bhfuil droch-cháil, sa tionscadal seo ar an mbóthar idir Cill Mhic Réanáin agus Leitir Ceanainn. Tionscadal ar leith atá ann, chomh maith, mar gheall go bhfuil sé ag comhoibriú le hUisce Éireann chun uasghrádú ríthábhachtach a sholáthar ar an bpríomhphíobán uisce chuig Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Leitir Ceanainn Loch as Allt/na Gabhla. Cuireadh tús leis an tógáil i bhFeabhra 2018 agus lean sé ar aghaidh go pras agus tá súil leis go gcríochnófar é faoi Cháisc 2019, 4 mhí sula raibh sé sceidealaithe le críochnú.



Ailíniú nua ar an N56 Tamhnach an tSalainn go hInbhear

An N56 ó Thamhnach an tSalainn go hInbhear (Céim 1 agus 2)

Bainfidh an bóthar nua seo stráice ar chaighdeán an-íseal den N56 atá ann faoi láthair, arb é an príomhbhealach rochtana chuig Port na gCealla Beaga, Sliabh Liag, Gleann Cholm Cille agus Slí an Atlantaigh Fhiáin. Cuireadh tús leis an tógáil ar Chéim 1 ó Thamhnach an tSalainn go Droim Beitheach i Márta 2018 agus tá súil leis go gcríochnófar é faoi Cháisc 2019, 7 mí sula raibh sé sceidealaithe le críochnú. Tugadh an dearadh mionsonraithe chun críche den chuid ba mhó ar Chéim 2 ó Dhroim Beitheach go hInbhear agus tosófar leis an gcéim seo a thógáil i Ráithe 3 2019.

Oibreacha Náisiúnta Athdhromchlaithithe agus Neartaithe Bóthair

Chistigh BIÉ oibreacha athdhromchlaithithe agus neartaithe ar stráice 32 ciliméadar den Ghréasán Bóithre Náisiúnta i nDún na nGall i rith 2018 ar chostas iomlán tógála de bhreis ar €8 milliún. Gheall BIÉ chun stráice breise 17 gciliméadar d'oibreacha athdhromchlaithithe agus neartaithe a chistiú in 2019 ar chostas measta tógála €6 milliún, anuas ar stráice breise 17 gciliméadar a dhearadh agus a sholáthar atá

le tógáil in 2020.

Scéimeanna Sábháilteachta

Cuirfidh Scéim um Shábháilteacht ar Bhóithre Ceithre Lána an N56 feabhas ar shábháilteacht ar an bpríomhbhealach rochtana chuig Leitir Ceanainn agus tá soláthar na gcáipéisí tairisceana beagnach curtha i gcrích. Tá céim dhearaidh/fála talún bainte amach ag an N15 Coraí Corcam idir Srath an Urláir agus Cúil na gCuirridín agus is amhlaidh atá an N14 Tulaigh Rap agus an N15 Bré Mhic Ruairí. Tá Scéim Sábháilteachta N15 ó Chabraigh go Bealach Féich á tógáil agus tá súil leis go dtabharfar chun críche é go luath in 2019.

Bainistíocht an Ghréasáin

Leanann an Oifig Bóithre Náisiúnta le bainistiú a dhéanamh ar chonarthaí chun cothabháil leanúnach a dhéanamh ar Chomharthaí agus Líneáil ar Bhóithre Náisiúnta sa chontae.

Chríochnaigh Rannóg Bainistíochta Droichead na hOifige Bóithre Náisiúnta clár oibreacha suntasacha nua agus feabhsúcháin le déanaí ar dhroichead éagsúla sa chontae. Áirítear leis seo trasrian nua coisithe ar abhann na Finne i Srath an Urláir/Bealach Féich agus trasrian nua coisithe ar Dhroichead Mhuileann Iarainn sna Gleannta.



Oibreacha ar Bhóthar an tSléibhe idir Carn Domhnach agus Bun Cranncha



Oibreacha ar N13 Mainéar Uí Chuinneagáin

Uisce agus an Comhshaol

Buaicphointí 2018



445



ionad fág anseo ag
72 suíomh d'earraí
gloine agus cannaí.

Comhlíonadh
91%

bainte amach

le scéim

**REPAK ELT
do bhoinn.**



6



Ionad Athchúrsála ag **Carn
Domhnach, an Clochán Liath,**
Baile na nGallóglach, Laghey, Leitir
Ceanainn agus Srath an Urláir.

Tógadh Ionaid Cóireála Fuíolluisce
nua i mBun Dobhráin,
na Cealla Beaga, Gleann
Cholm Cille agus Conmhaigh.



32 Soláthar Uisce Phoiblí (SUP) a tháirgeann 24.97 milliún méadar ciúbach d'uisce óil a fheastalaíonn ar bheagnach 160,000 duine.

89 sceitheadh fuíolluisce cathrach, 38 faoi réir ceadúnais sceite agus 51 faoi réir Deimhnithe Údaraithe.

Thart ar 40 ciliméadar de phríomhphíobán uisce nua leagtha le píblínte reatha a athsholáthar.

Os cionn 300 glantachán pobail i rith Fheachtas Ghlantachán Mór Dhún na nGall inar ghlac breis agus 5,000 oibrí deonach páirt.

100 fíneáil bhruscair eisithe, 148 litir rabhaidh seolta agus 5 ionchúiseamh tosaithe.

195 scoil cláraithe le Clár na Scoileanna Glasa agus 164 Bratach Ghlasa bronnta.

Bratacha Gorma bronnta ar 12 thrá agus ar Mhuiríne an Chaisleáin Nua agus stádas Cósta Ghlais bronnta ar 5 thrá.

Tá an tSeirbhís Uisce agus Chomhshaoil freagrach as an méid seo a leanas:

- Seirbhísí uisce thar ceann Uisce Éireann (UÉ) agus mar Údarás Seirbhísí Uisce neamhspleách a sholáthar maidir leis an gClár Uisce Tuaithe.
- Bainistíocht dramhaíola
- Rialú truailithe uisce agus an Plean Bainistíochta Abhantraí
- Oideachas agus Feasacht ar an gComhshaoil
- Bainistíocht bruscair
- Bainistíocht trána agus saoráidí spóirt agus fóillíochta

Seirbhísí Uisce

Soláthairtí Uisce Óil

Lean an Comhaontú Seirbhíse idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae Dhún na nGall le soláthar a dhéanamh do bhainistíocht ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce i gContae Dhún na nGall. Áiríodh leis seo oibriú 32 Soláthar Uisce Phoiblí (SUP) a tháirgeann 24.7 milliún méadar ciúbach d'uisce óil a fheastalaíonn ar dhaonra beagnach 160,000 duine. Cheannaigh an Chomhairle 89,851 milliún méadar ciúbach breise d'uisce ó Uisce Thuaisceart Éireann. Tá uisce ó fhoinsí soláthair uisce phoiblí ar fáil fosta do thomhaltóirí trí 6 Ghrúpscéim Soláthair Uisce phoiblí (GSSU).

Cuireadh tús le Clár Athsholáthair Luaidhe agus Clár Bainistíochta Brú thar ceann Uisce Éireann.

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar uisce óil a tháirgeadh i nDún na nGall in 2018.

Ceantar Bardasach	Uisce Óil (méadar ciúbach)
CB Inis Eoghain	5,934,079

CB Dhún na nGall	5,508,033
CB na nGleannta	4,634,162
CB Leitir Ceanainn	5,628,057
CB Shrath an Urláir	3,030,869
Iomlán	24,735,200

Oibrítear líon suntasach de sholáthairtí príobháideacha uisce ar fud an chontae agus déantar monatóireacht chomhlíonta orthu, 4 ghrúpscéim soláthair uisce phríobháideacha, 6 ghrúpscéim soláthair uisce phoiblí agus 27 soláthar uisce go hiomlán príobháideach a dhéanann soláthar do ghníomhaíocht phoiblí/tráchtála. Tugadh na torthaí a bhíonn ar an monatóireacht chomhlíonta do na soláthairtí seo le fios don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC). Rinneadh monatóireacht ar 8 ngrúpscéim soláthair uisce príobháideacha ní ba lú ach níor ghá iad a thabhairt le fios don GCC.

Rinneadh scéim bhliantúil fóirdheontais thar ceann na Roinne mar ranníocaíocht i dtreo costais oibríochtúla le haghaidh grúpsceimeanna soláthair uisce agus Scéim Deontais do Thoibreacha do thoibreacha aonair uisce óil a oibriú.



Oibreacha athsholáthair ar Phoblíne Uisce



Soláthairtí Uisce Óil

Is é an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC) an t-údarás maoirseachta le haghaidh Uisce Éireann (UÉ) maidir le seirbhísí uisce phoiblí (SUPanna) agus is é Comhairle Contae Dhún na nGall an t-údarás maoirseachta le haghaidh soláthairtí príobháideacha. Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Monatóireacht Chomhlíonta thar ceann Chomhairle Contae Dhún na nGall go dtí Bealtaine 2018, agus ghlac creatsaotharlann UÉ leis an ról seo i dtaobh SUPanna.

Bhí an leibhéal comhlíonta mhicribhitheolaíoch i Soláthairtí Uisce Phoiblí Dhún na nGall 100%, cé gurbh ionann an leibhéal comhlíonta, ar an iomlán, (paraiméadair cheimiceán agus tháscaire san áireamh) agus 99.4%.

Baineadh dhá scéim ó Liosta Gníomhartha Ceartaitheacha (LGC) an GCC, agus d'fhág sin 6 scéim, a bhfuil oibreacha ar bun acu go léir chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce.

Tháinig feabhas ar chomhlíonadh micribhitheolaíoch i dtaobh soláthairtí Príobháideacha i nDún na nGall aníos ó 82% in 2017 go 96.8% in 2018, agus tháinig feabhas ar an leibhéal comhlíonta, ar an iomlán, chomh maith, aníos ó 92% go 96.4%.

Scéimeanna Fuíolluisce

Sainnithníodh 89 sceitheadh fuíolluisce cathrach atá le húdarú ag an GCC.

Deonaíodh ceadúnais sceite ar 37 as 38 den sceitheadh i nDún na nGall go dtí seo, agus cuireadh Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill Chárthaigh leis in Aibreán 2018. Tá Deimhnithe Údaraithe ag na 51 sceitheadh scéime eile.

Comhlíonadh Cáilíochta Sceite Fuíolluisce


Déanann Comhairle Contae Dhún na nGall monatóireacht ar gach sceitheadh fuíolluisce atá ceadúnaithe agus deimhnithe i gContae Dhún na nGall, agus cuirtear torthaí míosúla in iúl don GCC agus do UÉ, anuas ar Thuarascáil Bhliantúil Chomhshaoil. Déantar comhlíonadh maidir le sceitheadh ceadúnaithe a mheas de réir cheanglais an Cheadúnais Sceite agus na Treorach maidir le Fuíolluisce Uirbeach. D'éirigh leis na hionaid nua agus níos nua-aimseartha comhlíonadh a bhaint amach, ach níor bhain roinnt de na hionaid ní ba shine comhlíonadh amach, agus tugann seo le fios an gá atá le hinfheistíocht bhreise a dhéanamh i gcóireáil fuíolluisce.

Tionscadail Chaipitil Seirbhísí Uisce

Críochnaíodh Ionaid Cóireála Fuíolluisce agus an bonneagar gaolmhar i mBun Dobhráin, na Cealla Beaga, Gleann Cholm Cille agus Conmhaigh.

Rinneadh Ionaid Cóireála Uisce nua a choimisiúnú in Abhainn tSeiscinne (Mín an Aoire, an Charraig) agus Gort an Choirce agus críochnaíodh oibreacha tábhachtacha feabhsúcháin ag Ionaid Cóireála Uisce ag Meendoran (Cluain Maine) agus Bun Cranncha.

Rinneadh thart ar 40 ciliméadar de phríomhphíobán uisce nua a leagan le píblínte reatha a athsholáthar a bhí ag cur le ardmhínicíochtaí pléasctha nó fadhbanna maidir le cáilíocht an uisce.



Ionad Cóireála Uisce Na Gabhla

Truailliú a Rialú

Tugann an tSaotharlann Láir faoi réimse cláir mhonatóireachta atá dírithe ar an gcomhshaol a chosaint agus ar thruailliú a rialú i limistéir an Uisce, an Aeir agus an Torainn, an méid seo a leanas ina measc:

- Sceitheadh tráchtála / tionsclaíoch le séaraigh (UÉ) agus le huiscí,
- Aibhneacha agus lochanna,
- Cigireachtaí ar umar seipteacha faoin bPlean Náisiúnta Cigireachta,
- Monatóireacht ar uisce snámha, (Tránna Brataí Goirme, Cósta Ghlais),
- Cigireachtaí ar fheirmeacha,
- Truailliú aeir – na Rialacháin um Astaíochtaí ó Phéinteanna Maisiúcháin agus Tuaslagáin, agus
- Ag freagairt do ghearáin faoin gcomhshaol (uisce, aer agus torann).

An Chreat-Treoir Uisce / Bainistíocht Abhantraí

Foilsíodh an dara Plean um Bainistíocht Abhantraí d'Éirinn, 2018-2021, in 2018 agus tugtar cuntas ann ar an gcur chuige nua a ghlacfaidh Éire fad a oibríonn sí chun a haibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta a chosaint i gcaitheamh na chéad cheithre bliana eile amach romhainn. Díreoidh údaráis áitiúla go príomha ar an méid seo a leanas:

- Comhlíonadh iomlán reachtaíocht ábhartha reatha an AE a chinntiú.
- Meath a chosc agus na cuspóirí a bhaineann le huisce do limistéir faoi chosaint a bhaint amach.
- Ár ndobharlaigh cuspóra ardstádais a chosaint agus a athshlánú, e.g. “Clár Dhobharcheantair an Phoinc Ghoirm”.
- Cabhrú le Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil (LAWPRO) ina n-obair i “Limistéir Thosaíochta le haghaidh Gnímh”.

Tionscadal CatchmentCARE

Is Príomh-Chomhpáirtí í Comhairle Contae Dhún na nGall i dtionscadal CatchmentCARE atá á chistiú faoi bheart Comhshaoil Chlár Interreg VA an AE agus tá buiséad beagnach €14 milliún aige.

Is é is aidhm le Tionscadal CatchmentCARE ná trí thionscadal feabhsúcháin ar cháilíocht an uisce i nDobharcheantair na Finne, na hAbhann Duibhe, agus na hArna, agus 51 poll tóraíochta a thochailt ar fud an réigiúin. Bainfead seo amach trí mheascán de ghníomhartha beartais, gníomhartha dobharcheantair agus gníomhartha pobail a dhíreoidh ar an méid seo a leanas:

- Tionchar intomhaiste a imirt ar cháilíocht an uisce,
- Bheith inaistrithe níos fairsinge ná na trí dhobharcheantar, agus
- Cur le hoidhreacht an tionscadail.

Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil (LAWPRO)

Seirbhís chomhroinnte is ea LAWPRO a oibríonn le hÚdaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit chun Pleananna Bainistíochta Abhantraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in Éirinn, faoi mar a cheanglaítear faoi Chreat-Treoir Uisce an AE. Is iad na trí aidhm straitéiseacha atá ag an tseirbhís ná an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le comhlachtaí poiblí agus páirtithe leasmhara eile agus iad a chomhordú chun cuspóirí an PBA a bhaint amach.
- Pobail áitiúla a ghníomhachtú chun idirchaidreamh a dhéanamh le dobharcheantair abhann ar aon dul leis an gcur chuige comhtháite



Trá na Carraige Finne

bainistíochta dobharcheantair.

- Bunchloch a leagan agus móiminteam a bhaint amach d'fheabhsúcháin fhadtéarmacha agus eolas a chur ar fáil chun an 3ú Córas den PBA a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tá dhá fhoireann ag an gClár i nDún na nGall, mar seo a leanas:

- Foireann na bPobal, Oifigeach Uisce Pobail ina measc a thacaíonn le pobail agus páirtithe leasmhara chun tionscadail agus tionscnaimh áitiúla cháilíocht an uisce a sholáthar. D'oibrigh an fhoireann seo le grúpaí éagsúla, Cumann Slatiascairí Chloich Chionnaola, Glen Development Company, Slatiascairí Bhun Cranncha agus Iontaobhas Abhann Inis Eoghain ina measc, agus chuir sí cistiú ar fáil do roinnt tionscadail uisce pobail trí Chiste Uisce an Phobail. Thit an chéad cheann de shraith cruinnithe poiblí amach i Nollaig do Dhobharcheantar na Leanainne.
